Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

*de chuid*

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

(ar a dtugtar Ollscoil Mhá Nuad de ghnáth)

*don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017*

(Ullmhaithe de réir na bPrionsabal Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo)

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

# Clár na n-ábhar


| | Leathanach (leathanaigh) |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 2 |
| Tuarascáil an Sparánaí | 3 – 6 |
| An Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 7 |
| Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach | 8 - 16 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 17 – 19 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach | 20 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe ar Chúlchistí | 21 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais | 22 |
| Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid | 23 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 24 - 44 |

## Eolas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1 |
| Baincéirí | Bainc Aontas Éireann Cpt,<br>An tSráid Mhór,<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara. |
| **Comhairleoirí Dlí** | McCann Fitzgerald,<br>Aturnaetha,<br>Cois na hAbhann a hAon,<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2. |

# Tuarascáil an Sparánaí

Is mór agam Ráitis Bhliantúla Airgeadais Ollscoil na hÉireann Má Nuad a chur i láthair don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta (SORP) – Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas 2015, ach go bhfuil eisceacht amháin sa chur i láthair, mar atá go ndéantar Deontais Chaipitil Stáit iarchurtha a nochtadh i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe faoi mar atá molta ag an SORP.

## 1. Athbhreithniú ar an mbliain

Léiríonn toradh deiridh na bliana staid chóimheá le barrachas beag de €0.035m, i gcomparáid le barrachas de €6m don bhliain roimhe sin (mar a athshonraíodh). Is mar thoradh ar ioncam tabhartais aonuaire de €3.549m ó Chuallacht na Siúracha Doiminiceacha chomh maith le deontas de €2m ón Údarás um Ard-Oideachas chun talamh a cheannach a bhí an barrachas ann sa bhliain roimhe sin. €113.6m atá sa bharrachas ioncaim charntha anois agus é sin i gcomhréir leis an mbliain roimhe sin. Is é €126.8m an t-ioncam iomlán, méadú de €8.5m ar an mbliain roimhe sin (sula gcuirtear cistiú iarchurtha pinsean i gcuntas agus gan an tabhartas aonuaire agus an deontas talún de €3.549m agus de €2.0m faoi seach in 15/16 a chur san áireamh). As an €8.5m sin, baineann €4.16m de le méadú ar tháillí na mac léinn, baineann €2.14m de le hioncam taighde, baineann €1.1m de le hioncam eile agus baineann €1.1m de le deontas stáit. Is ionann agus €24.5m an cistiú iarchurtha pinsin, méadú de €3.4m le hais na bliana roimhe sin. Is ionann agus €151.8m an caiteachas iomlán, méadú de €12.5m ar an mbliain roimhe sin. Nuair a chuirtear costais iarchurtha pinsin as an áireamh is ionann agus €9.0m an méadú. Is de bharr méadú de €2.1m ar ghníomhaíocht taighde , méadú €2.3m ar chostais foirne, méadú €1.6m ar dhímheas agus méadú €1.2m ar dheisiúcháin agus ar chothabháil a tharla sé sin den chuid is mó. Tháinig méadú €1.1m ar chostais eile. Míníonn méadú €0.7m ar chostais úis agus ar chostais airgeadais eile an difríocht.

Is iad táillí na mac léinn an phríomhfhoinse ioncaim atá ag ollscoileanna, b'ionann táillí agus 43% den ioncam in 2016/17 (2016: 42%). Tháinig méadú de €4.2m ar an ioncam ó tháillí mac léinn go dtí €64.6m arb ionann é agus méadú 7% ar an mbliain roimhe sin. B'ionann agus €52.6m táillí fochéime (2016: €51.3m) agus b'ionann táillí iarchéime agus €9.3m (2016: €8.5m). In 2016/17 d'íoc páirtithe seachas an tÚdarás um Ard-Oideachas €39.8m go díreach leis an ollscoil thar ceann mic léinn. Roghnaigh an Stát €24.8m a íoc mar tháillí mac léinn thar ceann mic léinn, méadú ó €23.6m in 2015/16. Chomh maith leis sin, fuarthas €11.6m trí *Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn*, i gcomhréir leis an méid a fuarthas an bhliain roimhe sin. D'íoc mic léinn neamh-AE €4.2m den €39.8m a d'íoc mic léinn nó a íocadh thar a gceann, (2016: €3.7m). D'fhan an ranníocaíocht aonair ó mhic léinn AE ag €3,000. Tháinig méadú de €1.2m ó €23.6m don bhliain roimhe sin ar eilimint na 'dtáillí saor in aisce' de tháillí mac léinn a íocadh tríd an Údarás um Ard-Oideachas de bharr líon na mac léinn a bheith méadaithe. Spreagann líon na mac léinn an t-ioncam ó tháillí mac léinn agus an t-ioncam ó dheontais Stáit den chuid is mó.

B'ionann agus €13.2m ioncam eile, sin méadú de €1.1m agus bhain an méadú sin, den chuid is mó, le hÁrasáin Courtyard (296 leaba) a bheith curtha leis an ioncam ar bhonn céimnithe i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Bhí méadú de €2.1m nó 9% ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus ó Thionscadail le hais na bliana roimhe sin. Tharla sé sin mar gur cuireadh caiteachas bliana i ndáil leis an Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach san áireamh sa bhliain i gcomparáid le caiteachas naoi mí in 2015/16. Chuir sé sin €11.8m ar fáil don bhliain (2016: €9.8m). Tháinig méadú beag de €0.7m go dtí €8.9m ar thacaíocht ó ghníomhaireachtaí Stáit (gan an Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach a chur san áireamh) (2016: €8.2m). Tháinig laghdú de 5.5% go dtí €2.2m ar chistiú AE (2016: €2.3m). Tá laghdú de €0.3m tagtha ar ioncam taighde ó earnáil na tionsclaíochta bliain ar bhliain. Tá deismireachtaí na hOllscoile láidir i gcónaí agus tá a tiomantas don taighde fógartha ag an ollscoil trí cheithre cinn d'institiúidí taighde a bhunú agus taighdeoirí sinsearacha a cheapadh chun na hinstitiúidí sin a threorú. Tá súil ag an ollscoil go dtiocfaidh tuilleadh feabhais ar Ioncam Taighde i gceann dhá bhliain nó trí bliana eile.

B'ionann agus €151.8m an caiteachas athfhillteach don bhliain, méadú de €12.5m nó 8.9% bliain ar bhliain. B'ionann agus €89m na costais foirne, méadú de €7.4m nó 9% ar 2015/16. Baineann na costais bhreise go príomha le €5.2m sa bhreis chun costas na bpinsean faoi FRS102 a léiriú. Tháinig méadú de €2.3m nó 3% ar chostais phá le linn na bliana, méadú atá i gcomhréir leis an meánmhéadú 4% atá tagtha ar líon na foirne. Tháinig méadú de €4.5m nó 10% ar na costais neamhphá i gcomparáid le 2015/16. Tugann Tábla 1 thíos breac-chuntas ar na príomhghluaiseachtaí i gcostais neamhphá. Is ionann costais neamhphá agus 31% den chaiteachas athfhillteach (2016: 31%). Cuimsíonn an méadú sin €2.1m de chaiteachas breise ar Irisí na Ríomhleabharlainne um Thaighde a léiríonn costais thar dhá mhí dhéag i gcomparáid le costais thar naoi mí in 15/16, méadú €1.2m ar dheisiúcháin agus ar chothabháil, a léiríonn ceithre cinn d'athchóirithe forleathana a cuireadh i gcrích le linn na bliana, breis gníomhaíochta scoláireachta de €0.7m agus glanmhéadú de €0.5m ar chostais eile.

## Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

| | 2016/17 | 2015/16 | Athraitheas | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | | |
| Taisteal agus Cothabháil | 2,439 | 2,221 | 218 | 10% | De réir mar a bhí tuartha de bharr méadú ar líon na foirne |
| Fáilteachas agus Féilteachas | 134 | 79 | 55 | 70% | Gan a bheith suntasach |
| Earraí Inchaite | 4,059 | 4,715 | (656) | (14%) | I gcomhréir le rialú breise ar chostas sa réimse seo |
| Deisiúcháin agus Cothabháil Ghinearálta | 3,702 | 2,467 | 1,235 | 50% | Athchóirithe forleathana sa bhliain tar éis íostarraingt ó BEI |
| Fóntais | 2,093 | 2,261 | (168) | (7%) | Léiríonn sé laghdú ar ídiú mar thoradh ar thionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh |
| Glantachán | 1,465 | 1,008 | 457 | 45% | Costas breise aonuaire a bhain le domhainghlanadh árasán agus foirgnimh nua a osclaíodh sa bhliain |
| Ríomh-irisleabhair na Leabharlainne Taighde | 11,887 | 9,789 | 2,098 | 21% | Caiteachas naoi mí sa Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach in 15/16 |
| Leabhair & Tréimhseacháin | 1,358 | 1,390 | (32) | (2%) | Gan a bheith suntasach |
| Iniúchadh, Gairmiúil agus Comhairliúchán | 3,453 | 3,324 | 129 | 4% | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Cíos, Rátaí & Árachas | 2,220 | 2,275 | (55) | (2%) | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Caipitíocht | 1,833 | 1,716 | 117 | 7% | Tionchar na mac léinn breise sa bhliain reatha |
| Scoláireachtaí | 6,121 | 5,382 | 739 | 14% | Gníomhaíocht mhéadaithe sa bhliain |
| Trealamh | 2,509 | 2,653 | (144) | (5%) | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Costais eile a Bhaineann le Fostaithe | 490 | 470 | 20 | 4% | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Costas Earcaíochta | 241 | 222 | 19 | 9% | Gan a bheith suntasach |
| Fógraíocht agus PR | 901 | 751 | 150 | 20% | I gcomhréir leis an ngníomhaíocht bhreise i dtaca leis an bhfeachtas maidir le mic léinn idirnáisiúnta agus mic léinn iarchéime |
| Costais agus Táillí Eile | 2,433 | 2,122 | 311 | 15% | De réir mar a bhí tuartha de bharr méadú ar líon na mac léinn agus ar líon na foirne. |
| Iomlán | 47,338 | 42,845 | 4,493 | | |

Tábla 1: Gluaiseachtaí i gcostais Neamhphá 2016/17 v 2015/16

B'ionann agus €7.5m an caiteachas caipitil le linn na bliana agus infheistíodh €6.9m i bhfoirgnimh nua agus caitheadh €0.6m ar threalamh caipitil (lena n-áirítear trealamh caipitil i gcomhair taighde). Bhain an €6.9m breise leis na costais a bhain le Courtyard Student Apartments a chríochnú agus leis an Scoil Oideachais nua a osclaíodh in 16/17. Leagtar amach i Nóta 26 na gealltanais chaipitil amhail ag deireadh na bliana. B'ionann agus €0.5m na gealltanais chaipitil ar an 30 Meán Fómhair 2017 (2016: €3.9m) agus níl aon chuid de sin á chistiú ag deontais chaipitil ón Stát.

Is ionann agus €68.9m an t-airgead agus na coibhéisí airgid ar láimh ar an 30 Meán Fómhair 2017, méadú de €27.4m ar an dáta céanna an bhliain seo caite. Míníonn an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, ar leathanach 23, an ghluaiseacht a eascraíonn go hachomair ón íostarraingt de €26.7m (2016:€50m) den iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta fritháirithe ag cistiú tionscadal caipitil de €7.4m (2016: €34.7m), agus glan insreabhadh airgid de €9.6m ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (2016: €6.4m) agus ús de €1.5m íoctha (2016: €0.8m).

Tháinig laghdú beag de €0.1m go dtí €16.8m ar leibhéal foriomlán na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochta ó €16.9m sa bhliain roimhe sin. Is de bharr méadú de €2.3m ar réamhíocaíochtaí a tharla an méadú seo go príomha, mar thoradh ar ghníomhaíocht bhreise i dtaca leis an Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach, méadú de €0.8m in infháltais ó thionscadail taighde arna bhfritháireamh ag laghdú de €1.1m in infháltais ó dheontais chaipitil stáit agus laghdú de €2m i bhféichiúnaithe eile. Tá breac-chuntas agus míniú ar na gluaiseachtaí iomlána i dTábla 2 thíos.

# Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

| | 2016/17 €'000 | 2015/16 €'000 | Athraitheas €'000 | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadail Infhaighte | 2,983 | 2,146 | 837 | 39% | Tá coinneálacha dlite i dtaca le dhá mhórthionscadal AE a críochnaíodh sa bhliain. Ina theannta sin, tá tionscadail bhreise i ngar do bheith críochnaithe in 16/17. |
| Cuntais Infhaighte | 2,722 | 2,631 | 91 | 3% | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Réamhíocaíochtaí | 5,660 | 3,405 | 2,255 | 66% | €1.9m a bhaineann le sonraisc réamhíoctha na Ríomhleabharlainne um Thaighde Éireannach |
| Iasachtaí Tithíochta Foirne | 32 | 75 | (43) | (57%) | Gan a bheith suntasach |
| Féichiúnaithe Eile | 3,265 | 5,233 | (1,968) | (38%) | Méadú de €0.6m ar ioncam fabhraithe arna fhritháireamh ag laghdú de €2.5m ar thabhartas fabhraithe in 15/16 |
| Deontas Caipitil Stáit | 1,520 | 2,673 | (1,153) | (43%) | Iarmhéid dlite le haghaidh cistiú caipitil ón ÚAO agus ón EI d'Fhoirgneamh TFC |
| Táillí Acadúla Infhaighte | 626 | 463 | 163 | 35% | Méadú ar líon na mac léinn agus ar líon na mac léinn ar phleananna tráthchodanna |
| Deontas Stáit Dlite | - | 237 | (237) | (100%) | Cistiú airgid an ÚAO bogtha go dtí an staid "roimh ré" ag deireadh na bliana |
| Iomlán | 16,808 | 16,863 | (55) | | |

Tábla 2: Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí amhail ar an 30.9.2017 vs 30.9.2016

Tháinig méadú de €3.2m go dtí €49.7m ar leibhéal foriomlán na gcreidiúnaithe agus na bhfabhruithe (2016: €46.5m). Is de bharr méadú de €2.4m i dtáillí acadúla roimh ré a tharla an méadú sin go príomha, méadú de €3 1m in ioncam ó dheontais taighde a cuireadh siar, laghdú de €1.5m ar fhabhruithe agus laghdú de €1.2m ar ghlan-dliteanas pinsin. Tá breac-chuntas agus míniú ar na gluaiseachtaí iomlána i dTábla 3 thíos.

| | 2016/17 €'000 | 2015/16 €'000 | Athraitheas €'000 | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontais Taighde agus Tionscadal nár caitheadh | 13,739 | 10,603 | 3,136 | 30% | Méadú de €2.3m ar chistiú roimh ré a bhaineann leis an Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach |
| Glan-Dliteanas Pinsin | 4,364 | 5,572 | (1,208) | (22%) | Laghdú leanúnach ar na costais a bhaineann le cuntais rialaithe pinsin mar go bhfuil na pinsin in íocaíocht níos mó ná ranníocaíochtaí an fhostaí (EE) agus ranníocaíochtaí an fhostóra (ER) |
| Ioncam Iarchurtha | 5,721 | 5,849 | (128) | (2%) | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 14,446 | 12,034 | 2,412 | 20% | I gcomhréir le líon níos mó mac léinn agus líon breise de mhic léinn idirnáisiúnta ag teacht isteach in 17/18 |
| Creidiúnaithe Trádála | 3,491 | 4,041 | (550) | (14%) | Laghdú de €0.5m ar chreidiúnaithe caipitil |
| Fabhruithe | 3,961 | 5,508 | (1,547) | (28%) | Laghdú de €2.1m i bhfabhruithe caipitil arna bhfritháireamh ag méadú de €0.5m i bhfabhruithe cothabhála. |
| Iasachtaí Neamhurraithe | 625 | - | 625 | 100% | Aisíocaíochtaí iasachtaí BEI |
| Deontas Stáit Roimh Ré | 665 | - | 665 | 100% | Uainiú íocaíochtaí airgid an ÚAO |
| Creidiúnaithe Eile | 534 | 382 | 152 | 40% | Gan a bheith suntasach |
| Cáin eile agus slándáil shóisialach | 2,137 | 2,501 | (364) | (15%) | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Iomlán | 49,683 | 46,490 | 3,193 | | |

Tábla 3: Féichiúnaithe agus Fabhruithe amhail ar an 30.9.2017 v 30.9.2016

# Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

**2. Pinsin**
Ar an 31 Nollaig 2009 aistríodh sócmhainní Phlean Pinsin Ollscoil Mhá Nuad chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ar an mbunús go n-íocfaidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh ann chun freastal ar dhualgais na hollscoile íoc as sochair phinsin na Scéime Dúnta agus go maoineofar dliteanais phinsin na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Dúnta sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an tÚdarás um Ard-Oideachas don ollscoil chuige sin, tá sé molta agam don Údarás Rialaithe gur chóir sócmhainn atá cothrom lenár ndliteanais phinsin faoi mar a áiríodh iad ar mhaithe le tuairisciú FRS102 a chur san áireamh sa chlár comhordaithe comhdhlúite ar an staid airgeadais amhail ar an 30 Meán Fómhair 2017. Is é an dliteanas pinsin foriomlán ná €445m (2016: €455m). Tá €83.1m den mhéid sin (2016: €82.2m) inchurtha i leith na Scéime Eiseamláirí agus tá €4.2m de (2016: €2.4m) inchurtha i leith na Scéime Aonair. Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach mar scéim íoc-mar-a-úsáidtear ar threoracha ón Údarás um Ard-Oideachas. Scaipeadh an treoir i litir chuig na cúig ollscoil a raibh scéimeanna pinsean cistithe acu ar an 29 Samhain 2004. Ní ráthaíonn an comhfhreagras go sonrach íocaíochtaí pinsean neamhspleách ar chistiú ollscoile a bheidh le fáil sna blianta amach anseo. Mar sin féin, creidim le fírinne go soláthraíonn an ghnáthchuntasaíocht aoisliúntais do chomhlachtaí poiblí ráthaíocht. Is í an Scéim Aonair an t-aon scéim pinsin do bhaill foirne nua (nua sa tseirbhís phoiblí) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2013. Tagraítear don scéim seo uaireanta mar Scéim Mheán na Gairme. Léirigh comhfhreagras a fuarthas ón ÚAO, dar dáta an 31 Lúnasa 2016 go measfar gur scéim íoc-mar-a-úsáidtear a bheidh sa Scéim Aonair gan aon Ranníocaíocht Fostóra don fhoireann bhunchistithe. Chun a bheith comhsheasmhach leis an gcaoi a gcaitear leis an dá scéim pinsin eile, caitheann an ollscoil leis an Scéim Aonair mar scéim chistithe ar mhaithe le sócmhainní agus dliteanais phinsin a aithint. Léiríonn an cur chuige cuntasaíochta atá molta agam na ráthaíochtaí iarbhír agus de facto Stáit atá ann i leith dliteanais phinsin ag Ollscoil Mhá Nuad ar an 30 Meán Fómhair 2017. Tugtar tuilleadh sonraí i Nóta 22 (leathanaigh 39 - 42). Tabharfaidh léitheoirí na gcuntas seo faoi deara gur tharraing iniúchóirí na hollscoile aird ar an gcur chuige seo gan a dtuairim a cháiliú (leathanaigh 17 go dtí 19).

**3. An Todhchaí**
Le linn 2016/17 thug Ollscoil Mhá Nuad curaclam nua isteach, d'aois nua atá ceaptha chun céimithe a ullmhú níos fearr do shaol na hoibre agus don saol mór. Chomh maith leis sin, bhunaigh an ollscoil ceithre cinn d'Institiúidí Taighde fócasaithe atá nasctha le misean teagaisc na hollscoile. Tá clár uaillmhianach um fhorbairt campais faoi lán seoil. Tá Plean Straitéiseach nua do 2018-22 á mhaoiniú ag an ollscoil. Ní mór don ollscoil agus don Stát pleanáil i gcomhair todhchaí inbhuanaithe d'Ollscoil Mhá Nuad. Cé go bhfuil pleananna mionsonraithe airgeadais ullmhaithe ag Ollscoil Mhá Nuad suas go dtí 2019 agus pleananna ardleibhéil airgeadais don 20 bliain ina dhiaidh sin, caithfear a admháil go mbraitheann inchreidteacht na bpleananna sin ar an Údarás um Ard-Oideachas agus ar an Rialtas chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun eispéireas den scoth san oideachas treasach a mhaoiniú ag teacht leis na gealltanais a tugadh do shaoránaigh sa *Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030.*

Gné dhearfach den tírdhreach d'Ollscoil Mhá Nuad agus an tírdhreach sin ag athrú ná go bhfuil an ollscoil fós ag croílár an réigiúin is tapa atá ag fás in Éirinn agus go bhfuil an t-éileamh ar áiteanna staidéir san ollscoil ag fás níos tapa ná aon ollscoil eile sa Stát. Ní mór don Údarás um Ard-Oideachas, nuair a bhítear ag pleanáil do thodhchaí inbhuanaithe don ardoideachas in Éirinn, aird a thabhairt ar roghanna mac léinn agus a muintir agus infheistíocht a dhéanamh in institiúidí a bhfuil mic léinn ag iarraidh freastal orthu i ndáiríre. Tá an Sparánaí tar éis scríobh chuig an ÚAO ag iarraidh deireadh a chuir leis an modhnóir sa Mhúnla um Leithdháileadh an Deontais Athfhilltigh agus tá cáipéis ullmhaithe ag an Uachtarán maidir le hinfheistíocht easnamhach stairiúil an Stáit sa champas ag Ollscoil Mhá Nuad agus an chaoi a bhféadfaí é sin a chur ina cheart.

**4. Conclúid**
Rinne an ollscoil a cuid gnóthaí a bhainistiú go maith arís eile in 2016/17 in ainneoin brúnna, go háirithe maidir le hioncam ó thaighde maoinithe. Leanfaimid de bheith ag bainistiú an bhoinn costais atá againn sna cúinsí deacra airgeadais atá ann faoi láthair. Féadfaidh léitheoirí a bheith cinnte go bhfuil an ollscoil dírithe i gcónaí ar a croíghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, ar a caighdeáin acadúla, ar cháilíocht eispéireas na mac léinn agus ar chur chun feidhme a Plean Straitéise nua do 2018-22.

Ba mhian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann i m'oifig as ucht a gcuid iarrachtaí maidir leis na Ráitis Airgeadais seo a chríochnú. Tá mé an-mhórtasach as m'fhoireann agus chuaigh a gcuid sáriarrachtaí i gcion go mór orm go háirithe le ceithre mhí anuas.

An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

Dáta 26/4/18

## An Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear ar an ollscoil *Acht na nOllscoileanna, 1997* a chomhlíonadh, agus gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas ar airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choimeád i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas. Agus na Cuntais sin á réiteach, ceanglaítear ar an ollscoil:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil an bonn sin oiriúnach, agus
- cloí leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais.

Tá an ollscoil freagrach as taifid chuntais atá imleor a choinneáil, a nochtann, le cruinneas réasúnta, ag am ar bith, riocht airgeadais na hollscoile agus a chuireann ar a cumas a áirithiú go gcloíonn a cuid ráiteas airgeadais le *hAcht na nOllscoileanna, 1997*, FRS102 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta a bhaineann leis (na ráitis chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe). Chomh maith leis sin, tá an ollscoil freagrach as a áirithiú go dtugtar faoi ghnó na hollscoile ar bhealach ceart agus rialta agus as gach sócmhainn a chosaint atá faoina rialú oibríochtúil agus dá réir sin bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann an Údaráis Rialaithe an 26 Aibreán 2018.

An tOllamh Philip Nolan
Uachtarán

An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

# Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta d'fheidhmiú an dea-chleachtais i ngach gné den rialachas corparáideach. Déanann an achoimre seo cur síos ar an mbealach inar chuir an ollscoil i bhfeidhm na prionsabail atá leagtha amach sa doiciméad "*Rialachas Ollscoileanna na hÉireann 2012*" a comhaontaíodh idir Cumann Ollscoileanna Éireann agus an tÚdarás um Ard-Oideachas agus ar ghlac Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad leo i mí na Samhna 2012. Is é atá mar chuspóir leis an Ráiteas seo ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach ná cabhrú le léitheoir na ráiteas airgeadais tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar cuireadh na prionsabail i bhfeidhm agus tuiscint níos soiléire a fháil ar struchtúr rialachais agus dlíthiúil na hollscoile. Tá Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) i mbun idirbheartaíochta chun nuashonrú a dhéanmah ar Chód "*Rialachas Ollscoileanna na hÉireann 2012*" le haghaidh na gceanglas breise maidir le nochtadh atá san áireamh sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* (Cód na gComhlachtaí Stáit). Bhí Cumann Ollscoileanna Éireann agus an ÚAO i mbun idirbheartaíochta maidir le hathruithe a dhéanamh ar "*Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann 2012*" le linn 2017 agus in 2018 chun Cód nua na gComhlachtaí Stáit a léiriú a oiread agus is féidir. Thug an ÚAO roinnt ceanglas nua isteach i mí Eanáir 2018, ar ceanglais iad nár pléadh roimhe sin. Tá siad á bplé anois agus tá sé i gceist go gcomhlíonfaidh an Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach arna eisiúint ag Ollscoil Mhá Nuad in éineacht lena Ráitis Bhliantúla Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 Cód na gComhlachtaí Stáit ina iomláine.

Aithníonn an tÚdarás Rialaithe an fhreagracht atá air maidir le córas rialaithe inmheánaigh na hollscoile; a chumhdaíonn gach rialú ábhair lena n-áirítear rialú airgeadais, oibríochtúil agus comhlíonta, agus rialú córas bainistíochta riosca, a thacaíonn le gnóthú bheartais, aidhmeanna agus cuspóirí na hollscoile agus ag an am céanna a thugann cosaint do na cistí agus na sócmhainní poiblí agus eile a bhfuil an tÚdarás Rialaithe freagrach astu.

Déanann an córas rialaithe inmheánaigh bainistíocht ar an mbaol nach mbainfear amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí, nó nach seolfar gnóthaí ar bhealach atá ordúil agus dlisteanach, seachas an baol sin a dhíothú. Chomh fada agus a bhaineann sé leis sin, ní féidir leis dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt i leith éifeachtachta.

Tá an tÚdarás Rialaithe den tuairim go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha atá ann don ollscoil maidir le straitéis, beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú agus go raibh sé i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017 agus suas go dtí dáta faofa na gcuntas bliantúil, agus go ndéanann an tÚdarás Rialaithe é a athbhreithniú go rialta. Níor tharla aon fhorbairtí lenar bhain tábhacht airgeadais sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2017 seachas iad siúd a nochtar sna Cuntais bhliantúla. Níor tugadh faoi aon chomhfhiontair nua le linn na bliana.

Feidhmíonn an ollscoil córas rialaithe buiséid déabhlóidithe ina dtugtar buiséid ar mhaithe le cuspóirí athfhillteacha agus caipitil do shealbhóirí aonair buiséid agus bítear ag súil go bhfeidhmeoidh siad agus go ndéanfaidh siad soláthar laistigh den bhuiséad sin. Déantar anailís rialta ar ghannchaiteachas agus ar róchaiteachas agus, más cuí, cuirtear Feidhmeannacht na hOllscoile agus struchtúir rialachais na hollscoile ar an eolas ina leith. Cé gur tharla róchaiteachas ar theidil bhuiséid áirithe, d'eascair coigiltí as bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar an gcás i réimsí eile chun bheith ar cóimhéid leis an róchaiteachas. Ní fheidhmíonn an ollscoil Córas Próiseála Láraithe maidir le hOrduithe Ceannaigh. Is laige rialaithe é sin agus tá aghaidh á tabhairt uirthi. Tabharfar Próiseáil maidir le hOrduithe Ceannaigh (POP) isteach ó shamhradh na bliana 2018 ar aghaidh agus déanfar é a fheidhmiú ar fud na hollscoile i ndiaidh an dáta sin. Réitítear buiséid trí shonraí córais a úsáid atá asbhainte ag Oifig an Sparánaí agus ó fhoshuíomhanna a rinneadh. Glacann an tÚdarás Rialaithe le buiséad oibre, de ghnáth i mí Mheán Fómhair roimh thús na bliana airgeadais. Déantar an buiséad oibre seo a nuashonrú nuair a bhíonn toradh ar phróiseas dáilte Dheontais Athfhillteacha Bhliantúla an Údaráis um Ard-Oideachas. Cuirtear buiséad leasaithe faoi bhráid an Údaráis Rialaithe i mí Feabhra nó i mí Aibreáin gach bliain. Coimeádann an Sparánaí an tÚdarás ar an eolas maidir le hathraitheas ábhartha ón mbuiséad ag cruinnithe eile. Roimh dheireadh na bliana, cuirtear toradh measta in aghaidh an bhuiséid i láthair.

Is iad Córas Taifead na Mac Léinn, an Mórleabhar Ginearálta agus an Córas Íocaíochtaí, an Córas Párolla, an Córas AD, an Córas Iarratas ar Dheontais mhaoinithe, an Córas Ríomhfhoghlama, córas na leabharlainne, ríomhphoist agus an Córas Tuairiscithe Airgeadais na príomhchórais faisnéise a úsáidtear san ollscoil. Déanann Seirbhísí na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) bainistiú ar na córais. Déanann Stiúrthóir Sheirbhísí na Teicneolaíochta Faisnéise tuairisciú don Phríomhoifigeach Faisnéise agus Nuálaíochta. Déanann Seirbhísí na Teicneolaíochta Faisnéise tuairisciú do Choiste Stiúrtha Bhainistíocht na Teicneolaíochta Faisnéise (ITMSC), fochoiste d'Fheidhmeannacht na hOllscoile. Tá an Príomhoifigeach Faisnéise agus Nuálaíochta mar chathaoirleach ar an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana.

# Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

**Deimhniú ar Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**: Thug an tÚdarás Rialála faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Cuireann Iniúchóirí Inmheánacha na hOllscoile, i gcomhar le hobair na n-oifigeach sinsearach agus feidhmeanna urrúis eile bonn eolais faoi athbhreithniú an Údaráis Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Cuireann na hIniúchóirí Inmheánacha tuarascálacha rialta ar aghaidh, lena n-áirítear tuairim neamhspleách faoi leorgacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh na hollscoile, mar aon le moltaí i gcomhair feabhsaithe. Cuireann obair Fheidhmeannacht na hOllscoile laistigh den ollscoil, atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, agus na tuairimí a nochtann na hIniúchóirí Seachtracha ina litir bhainistíochta agus i dtuarascálacha eile bonn eolais freisin faoi athbhreithniú an Údaráis Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Mar thoradh ar an athbhreithniú foriomlán ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, níor shainaithin an tÚdarás Rialaithe, iniúchadh seachtrach, iniúchadh inmheánach agus Feidhmeannacht na hOllscoile laige ábhartha ar bith. D'fhaomh an tÚdarás Rialaithe an t-athbhreithniú ar an Rialú Inmheánach go foirmiúil ar an 26 Aibreán 2018.

**Próisis chun Rioscaí Eagraíochtúla a Shainaithint agus chun a nImpleachtaí Airgeadais a Mheas:** Tugtar faoi phróiseas foirmiúil ar bhonn rialta chun rioscaí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú. Déantar an Clár Rioscaí a nuashonrú tar éis comhairliúchán forleathan san ollscoil. Déanann fochoiste d'Fheidhmeannacht na hOllscoile na hábhair atá ardaithe ag pobal na hollscoile a thiomsú agus cuirtear clár rioscaí príomhúil agus clár rioscaí achomair faoi bhráid an Údaráis Rialaithe. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar an bpróiseas óna dtagann an doiciméad deiridh. Tá an Rúnaí mar fheighlí ar an gClár Rioscaí agus déanann sé faireachán ar ghluaiseachtaí le linn na bliana. Déantar aird Fheidhmeannacht na hOllscoile, an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an Údaráis Rialaithe a dhíriú ar aon athrú suntasach ar ualú riosca. Is ann do nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le riosca i gcás cinntí suntasacha gnó. Orthu siúd tá malairtí a scrúdú (lena n-áirítear gan dada a dhéanamh), bainistíocht thionscnaimh an tionscadail a bhreithniú, faisnéis a bhailiú faoi na comhpháirtithe gnó atá bainteach leis, na réamh-mheastacháin a cheistiú agus taifeadadh agus faireachán a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas. Tá a beartas bainistíochta riosca á scrúdú ag an Ollscoil faoi láthair. In 2018, tabharfar isteach, ar bhonn píolótach, cur chuige nua maidir le forbairt an Chláir Rioscaí.

**Nósanna Imeachta chun Faireachán a dhéanamh ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh:** Tá na próisis seo a leanas bunaithe ag an Údarás Rialaithe chun éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú agus a mheas.

- Bunaíodh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le téarmaí tagartha agus Cairt Iniúchta i gcomhréir leis na treoirlínte rialachais atá leagtha síos i Rialachas Ollscoileanna na hÉireann 2012:

- Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí an dáta ar faomhadh an Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach, chuir na hiniúchóirí neamhspleácha inmheánacha, Mazars, na tuarascálacha seo a leanas faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca:
  - *Athbhreithniú Ardleibhéil ar Phríomhrialuithe Airgeadais Inmheánacha 2015-16 Athbhreithniú (Aibreán 2017);*
  - *Athbheithniú ar Cheistneoir Rialaithe Inmheánaigh Fheidhmeannacht na hOllscoile (Aibreán 2017);*
  - *Athbhreithniú ar Cheistneoir Ginearálta Rialaithe Inmheánaigh maidir le Ranna, Scoileanna agus Feidhmeanna Tacaíochta (Aibreán 2017);*
  - *Athbhreithniú ar Thráchtálú Taighde (mí na Nollag 2016 agus mí Aibreáin 2017).*
  - *Tuarascáil Iniúchóra ar Athshlánú ó Thubaiste (Deireadh Fómhair 2017, Feabhra 2018 agus Aibreán 2018)*
  - *Athbhreithniú Ardleibhéil ar Phríomhrialuithe Airgeadais Inmheánacha 2016-17 (Feabhra 2018 agus Aibreán 2018)*
  - *Tionscadail Chaipitil – bainistíocht tionscadal (Aibreán 2018)*

- Tá sé léirithe ag Mazars agus ag an gCoiste um Iniúchadh agus Measúnú Riosca go bhfuil siad sásta le freagairtí agus le pleananna gníomhaíochta na bainistíochta, má chuirtear i bhfeidhm iad, chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riosca go léir a sainaithníodh. Tá sé deimhnithe ag an mbainistíocht go bhfuil an obair críochnaithe nó ar siúl i ngach réimse i gcomhréir le freagairtí doiciméadaithe na bainistíochta.

- Chríochnaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh seachtrach ar na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais do 2015/16 i mí Aibreáin 2017. Fuair an ollscoil 'litir bhainistíochta' i mí na Bealtaine 2017 nuair a bhí an t-iniúchadh do 2015/16 curtha i gcrích. Níor tuairiscíodh aon mhíshonrú ábhartha, ná aon earráid nó calaois. Rinneadh roinnt cinntí maidir le rialú inmheánach. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le linn 2017. Léirigh na hIniúchóirí agus an Coiste go raibh siad sásta le freagairt agus gníomhaíochtaí na bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a sainaithníodh. Dheimhnigh an bhainistíocht go bhfuil an obair críochnaithe nó ag leanúint ar aghaidh maidir leis na cinntí.

## Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- D'eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 'litir bhainistíochta' nuair a bhí an t-iniúchadh do 16/17 curtha i gcrích i mí Aibreáin 2018. Níor tuairiscíodh aon mhíshonrú ábhartha, ná aon earráid nó calaois. Rinneadh roinnt cinntí maidir le rialú inmheánach. Dheimhnigh an bhainistíocht go bhfuil an obair críochnaithe nó ag leanúint ar aghaidh maidir leis na cinntí.

- Ó dheireadh na bliana, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste obair iniúchóireachta allamuigh maidir le hIniúchadh Reachtúil na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017. Rinne sé réamhobair iniúchóireachta allamuigh tosaigh i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2017 agus obair iniúchóireachta allamuigh deiridh sa tréimhse idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2018.

- Cuireadh roinnt iniúchtaí i gcrích ar rialú an chaiteachais taighde ar iarratas ó na gníomhaireachtaí cistithe. Cuirtear clár iniúchtaí den sórt sin faoi bhráid an Choiste um Iniúchadh agus Measúnú Riosca ó am go ham lena n-athbhreithniú agus déantar aon litreacha bainistíochta a fhaightear a chur faoi bhráid an Choiste um Iniúchadh agus Measúnú Riosca lena mbreithniú. Tionóltar cruinnithe d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, a bhfuil an tUachtarán ina chathaoirleach uirthi, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna leanúnacha agus ar fheidhmiú cuspóirí a comhaontaíodh leis an Údarás Rialaithe. Tugtar aghaidh ar cheisteanna rialaithe ag na cruinnithe sin. Glactar miontuairiscí na gcruinnithe agus tá siad ar fáil don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, do na hIniúchóirí Inmheánacha, na hIniúchóirí Seachtracha agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tháinig Feidhmeannacht na hOllscoile le chéile 40 uair faoi leith i rith na bliana.

- Baineann ríthábhacht le cáilíocht don ollscoil agus is é an Stiúrthóir Straitéise agus Cáilíochta atá freagrach as an bhfeidhm sin. Déantar athbhreithniú seachtrach ar Ranna Acadúla ar bhonn timthriallach, i dtimthriall seacht mbliana de ghnáth. Leanann na haonaid riaracháin agus tacaíochta timthriall den chineál céanna. Cuirtear an tUachtarán ar an eolas maidir leis na torthaí. Chomh maith leis sin, cuireann siad leis an bpróiseas bliantúil um shocrú buiséid, más gá.

D'fhonn Alt 2.11 den Chód '*Rialachas Ollscoileanna na hÉireann 2012*' a chomhlíonadh, sonraíonn Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad an méid seo a leanas:

**Oibleagáidí Reachtúla:**
Aithnítear an ollscoil mar eintiteas dlíthiúil neamhspleách faoi *Acht na nOllscoileanna, 1997.* Forálann alt 14.1 den acht sin i leith ollscoile "go mbeidh an ceart aici agus an fhreagracht uirthi prionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla a chaomhnú agus a chur chun cinn le linn a gnóthaí inmheánacha agus seachtracha a sheoladh, agus a gnóthaí a rialáil de réir a héitis neamhspleách agus a traidisiún neamhspleách". Tá an ollscoil feasach go hiomlán ar na dualgais faoi Ailt Chomhionannais Achtanna na nOllscoileanna 1997 - 2006 agus reachtaíocht chomhionannais eile.

**Cód Rialachais agus Cóid Iompair:**
Faomhadh Cód Iompair le haghaidh chomhaltaí an Údaráis Rialaithe i mí an Mheithimh 2009 agus tarraingíodh aird gach comhalta den chúigiú hÚdarás Rialaithe arna bhunú i mí Dheireadh Fómhair 2015 air nó i gcás comhaltaí a chuaigh ar an Údarás Rialaithe i lár an téarma, sula ndearna siad freastal ar a gcéad chruinniú. Cuimsíonn an cód beartais maidir le coinbhleacht leasa agus eitic in oifigí poiblí. Faomhadh Cód Iompair le haghaidh na foirne i mí Mheán Fómhair 2009 agus tugtar é chun airde gach ball nua foirne nuair a thosaíonn siad ag obair san ollscoil. Cuimsíonn an cód beartais maidir le coinbhleacht leasa agus eitic in oifigí poiblí.

**Beartas an Rialtais maidir le Pá:**
Cloíonn an ollscoil agus a cuid fochuideachtaí leis na treoirlínte um pá poiblí agus leis an gCreat um Imeacht ó na Leibhéil Luach Saothair atá Ceadaithe agus a comhaontaíodh leis an Údarás um Ard-Oideachas faoi Alt 25 *d'Acht na nOllscoileanna, 1997.* Cloíonn an ollscoil go hiomlán le teorainn phá €185k na hearnála poiblí, faoi mar a cuireadh in iúl don ollscoil. Maidir le scálaí tuarastail do thaighdeoirí, aithníonn an ollscoil nach ann d'aon scálaí ceadaithe pá faoi Alt 25. Chruthaigh Feidhmeannacht na hOllscoile sraith de scálaí pá atá comhsheasmhach leis na scálaí pá acadúil a cheadaigh an tAire agus leis na scálaí pá do thaighdeoirí de chuid Chumann Ollscoileanna Éireann (seacht n-ollscoil) a comhaontaíodh leis an earnáil. Úsáidtear na scálaí seo chun buiséid a shocrú i dtograí taighde agus, nuair a bhronntar cistiú taighde, úsáidtear na scálaí seo chun taighdeoirí a earcú agus a íoc. Aithníonn gníomhaireachtaí cistithe taighde an Stáit mar an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann na scálaí sin chun críocha buiséid. Faigheann líon beag den fhoireann riaracháin íocaíocht i leith teagaisc le cois a dtuarastail phoiblí. Déantar an teagasc sna tráthnónta nó déantar é a oibriú ar ais nuair a bhíonn an teagasc ar siúl i rith an lae. Cheadaigh an ÚAO na híocaíochtaí sin i mí na Samhna 2017.

# Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

**Tuairisciú Airgeadais agus Iniúchadh Inmheánach:**
Tá nósanna imeachta oiriúnacha ag an ollscoil chun ráitis bhliantúla airgeadais a sholáthar go tráthúil. Déanann an ollscoil a seirbhís iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú chuig Mazars tar éis comórtas tairisceana poiblí. Tá na hIniúchóirí Inmheánacha go hiomlán feasach ar *Chód Rialachais 2012* agus ar na hionchais maidir le hiniúchadh inmheánach agus an Ráiteas bliantúil ar Rialú Inmheánach. Tugann Iniúchóirí Inmheánacha faoi chlár bliantúil d'iniúchtaí rioscabhunaithe agus déanann siad tuairisciú chuig an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a chuireann an tÚdarás Rialaithe ar an eolas faoi aon nithe suntasacha.

Comhlíonann an ollscoil na nósanna imeachta i gcomhair iniúchadh inmheánach. Le linn 2016/17, níor thuairiscigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca aon nithe suntasacha don Údarás Rialaithe seachas dhá eisceacht sa réimse soláthair a bhfuil cur síos orthu san alt thíos.

**Soláthar:**
Dearbhaíonn an ollscoil go bhfuil nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm agus gur cuireadh gach sealbhóir buiséid ar an eolas fúthu. Léiríonn na nósanna imeachta Treoracha AE, reachtaíocht agus beartas an Rialtais de réir mar a thuigimid iad seachas neamhchomhlíonadh Chiorclán 02/16 na Roinne Airgeadais. Tá an ciorclán seo, nár tarraingíodh aird na hollscoile air go dtí mí Eanáir 2018, faoi réir comhráite leanúnacha idir Cumann Ollscoileanna Éireann, an ÚAO agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Thug na hIniúchóirí Inmheánacha faoi staidéar ar oibriú na nósanna imeachta soláthair le linn 2016/17, tar éis dheireadh na bliana i mí na Nollag 2017 go dtí mí Feabhra 2018. Tá an dréachtuarascáil á críochnú agus cuirfear faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca í i mí an Mheithimh 2018. Chomh fada agus a chreideann agus is eol d'Ollscoil Mhá Nuad, chloígh an ollscoil leis na nósanna imeachta atá foilsithe.

D'aithin an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ceithre cinn de chásanna ina raibh neamhchomhlíonadh rialacha maidir le soláthar ag Ollscoil Mhá Nuad ar luach iomlán de €217,604. Fuarthas amach nach ndearnadh tairiscint i gcomhréir leis na rialacha i dtaca le conradh do ghutháin phóca ar luach €106,503. Fuarthas amach go raibh comórtas soláthair do cheannacháin suas go dtí luach €25,000 ag baint le seirbhís chomhairleoireachta ar luach €36,000 agus dá bhrí sin nár comhlíonadh na rialacha soláthair. Ina theannta sin, íocadh €35,648 san iomlán le cuideachta soláthair leictreachais le linn na bliana. Tharla sé sin mar gur nascadh dhá chuideachta agus go raibh luach an tsoláthair a rinne an dá chuideachta le chéile níos mó ná €25,000 agus dá bhrí sin bhí an soláthar neamhchomhlíontach. Ar deireadh, íocadh €39,453 san iomlán le cuideachta preabsheastán le linn na bliana. Cé go mb'fhéidir nach raibh gá comhiomlánú a dhéanamh i gcás na seirbhísí féin, glacann an ollscoil leis go raibh neamhchomhlíonadh i gceist leis an soláthar.

Rinne Ollscoil Mhá Nuad comhghabháil ar IReL le linn 2016/17 agus tá an Ollscoil ag iarraidh a chinntiú go mbeidh soláthar leabhar agus tréimhseachán (ar líne) do na seacht nOllscoil in Éirinn agus do Chomhlachtaí Stáit eile ag comhlíonadh na dtreoirlínte maidir le soláthar poiblí. Mar sin féin, is ceist chasta í seo a mbeidh sé deacair í a réiteach mar go mbraitheann an soláthar in aghaidh na hollscoile ar na nithe a bhí á gceannach ag an ollscoil ag pointe ama ar leith. Go bunúsach, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh ollscoil amháin a bheith bainteach le soláthar foilseacháin ar líne trí "IReL" agus go ndéanfaí ollscoil eile a eisiamh ón bhfoilseachán céanna tríd an tseirbhís sin. Beidh sé an-tábhachtach a chinneadh cé atá agus cé nach bhfuil i dteideal rochtain a fháil ar fhoilseacháin chun a chinntiú go mbeidh rath ar sholáthar acmhainní leabharlainne ar líne.

In 2017, rinne Ollscoil Mhá Nuad iarracht dul isteach i gCreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) i gcomhair seirbhísí glantacháin. Mar sin féin, tá an tiomsú sonraí a éilítear le creat an OGP thar a bheith trom. B'éigean nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na sonraí ábhartha a bhailiú. Bunóidh Ollscoil Mhá Nuad conradh glantacháin i gcomhréir leis an gCreat OGP atá aice in 2018. Idir an dá linn, chuir Ollscoil Mhá Nuad síneadh leis an gconradh a bhí aici lena soláthraí seirbhísí glantacháin ó 2016 do bhliain 2017/18. Le linn na bliana 2016/17, chaith Ollscoil Mhá Nuad €1.024m ar sheirbhísí glantacháin le soláthraí amháin a bhí ar conradh aici.

Sa bhliain 2016, d'earcaigh an ollscoil Oifigeach Soláthair agus Conarthaí chun bunachar sonraí um chonarthaí a fhorbairt (i gcomhar leis an OGP agus an tSeirbhís Soláthair Oideachais) ag leagan amach an dáta tosaigh, an dáta deiridh agus ballraíocht creataí, lena n-áirítear creataí um sholáthraí aonair i measc dualgais eile. Faoi láthair, tá an tOifigeach Soláthair agus Conarthaí ag obair leis an tSeirbhís Soláthair Oideachais (EPS) maidir le bunachar sonraí agus Plean Soláthair Chorparáidigh atá gaolmhar leis a thabhairt chun críche.

# Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

**Diúscairt Sócmhainní:**
Tá diúscairt shócmhainní na hollscoile chuig tríú páirtithe á rialú ag nósanna imeachta a chuirtear in iúl don fhoireann ar fad. Chomh fada agus a chreideann agus is eol d'Ollscoil Mhá Nuad, chloígh an ollscoil leis na nósanna imeachta sin.

**Treoirlínte maidir le Tionscadal Caipitil a Mheas agus a Bhainistiú:**
Tá próisis agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Ollscoil Mhá Nuad chun comhlíonadh na Treoirlíne maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tionscadal Caipitil a d'eisigh an Roinn Oideachais i mí Feabhra 2005. Fostaíonn an ollscoil saineolaithe seachtracha chun tacú léi bainistíocht a dhéanamh ar na próisis chasta a bhaineann le gach gné de dhearadh, tairiscint, measúnú agus toradh, tionscadal caipitil.

**Luach ar Airgead agus an Dlí Cánach a Chomhlíonadh:**
Chomh fada agus a chreideann agus is eol d'Ollscoil Mhá Nuad, lean sí na Treoirlínte maidir le luach ar airgead a fháil i dtaca le caiteachas poiblí de réir mar a leagadh amach i gCód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lorgaíonn Ollscoil Mhá Nuad na dlíthe cánach a chomhlíonadh agus tá sí tiomanta a áirithiú go n-íoctar na dliteanais chánach ar fad a bhfuil eolas fúthu ar na dátaí dlite.

**Beartas Taistil:**
Tá glactha ag an ollscoil le beartais taistil agus chothaithe atá i gcomhréir le Ciorclán 07/2009 ón Roinn Airgeadais: Rátaí taistil gluaisteáin agus cothaithe. Ní hionann an scéim agus Scéim na Státseirbhíse maidir le gnéithe áirithe de réir mar a lamháiltear i mír 2 de na nótaí a ghabhann leis an gciorclán. Go ginearálta, tá na rátaí míleáiste a íoctar níos ísle ná rátaí na Státseirbhíse. Rialaíonn an beartas seo éilimh a dhéantar chuig comhaltaí an Údaráis Rialaithe chomh maith le foireann na hollscoile do 2016/17. Beidh ár mbeartas reatha á leasú againn in 2018. Déanfar Ciorclán 15/2015 lena gcumhdaítear liúntais taistil agus chothaithe a chorprú i mbeartas caiteachais athbhreithnithe atá á phleanáil níos faide ar aghaidh in 2018. Ainneoin sin, leanfaimid de bheith ag íoc rátaí cothaithe (atá teoranta do rátaí Chiorclán 15/2015 ach amháin in imthosca eisceachtúla) seachas ag rátaí per diem. Déanfar ciorclán 05/2017 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) a chorprú sa modúl nua uathoibrithe i gcomhair costas. Tá an modúl sin ag an gcéim phíolótach agus tá sé i gceist é a chur i bhfeidhm in 2018. Ní chuirfear an ghné den chiorclán a bhaineann le "míleáiste laghdaithe" i dtaca le taisteal a bhaineann le comhlíonadh dualgas agus leis sin amháin i bhfeidhm e.g. ag freastal ar chúrsaí oiliúna.

**Cosaint Leanaí:**
D'fhaomh Ollscoil Mhá Nuad Beartas agus Nósanna Imeachta athbhreithnithe um Chosaint Leanaí i mí an Mheithimh 2014. Rinneadh uasdátú ar an mbeartas i mí na Nollag 2017 agus is féidir amharc ar an mbeartas seo ag www.maynoothuniversity.ie nó tá sé ar fáil ar iarratas ó Governing.Authority@nuim.ie.

**Costais agus Táillí an Údaráis Rialaithe**
Faigheann an cathaoirleach €20,500 sa bhliain mar luach saothair i gcomhréir le hAlt 17(5) *d'Acht na nOllscoileanna, 1997* agus le cinneadh ón Údarás Rialaithe a tógadh ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna 2015. Níor íocadh aon chostais le comhaltaí seachtracha le linn na bliana maidir le gnó an Údaráis Rialaithe. Tá na costais (nuair a íoctar iad) ag rátaí atá níos lú ná na rátaí atá ceadaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí. Bíonn cruinnithe an Údaráis Rialaithe ar siúl in Ollscoil Mhá Nuad agus bíonn cruinnithe den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar siúl i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath.

Le linn na bliana, íocadh an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán, i gcomhréir leis an litir cheadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna dar dáta Feabhra 2011. Fuair sé ollmhéid de €178,413 mar luach saothair iomlán don bhliain.

**Fochuideachtaí:**
Bunaíodh Innovation Value Services Limited mar eintiteas tráchtála i mí Feabhra 2016. Ceapadh Bord Stiúrthóirí neamhspleách, Cathaoirleach neamhspleách san áireamh. Tá ceathrar comhaltaí ar an mBord, beirt atá fostaithe ag an ollscoil agus beirt atá taobh amuigh den ollscoil. Tá an Cathaoirleach ar dhuine díobh siúd atá taobh amuigh den ollscoil. Tá sé mar chuspóir ag IV Services Limited leas a bhaint as aschur taighde Ionad Taighde IVI, ar mhaithe le comhaltaí na hollscoile. Is ionad taighde é Ionad Taighde IVI atá á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann mar Ionad Inniúlachta náisiúnta. Faigheann Ionad Taighde IVI tacaíocht ó chomhaltaí a chuidíonn lena chlár taighde a stiúradh. Tá beartais i dtaca le hAcmhainní Daonna, luach saothair agus pinsin aige atá sainiúil don chuideachta agus atá deighilte agus éagsúil ó na beartais san ollscoil agus ó bheartas pá poiblí. Chomh maith leis sin, tá a cuid beartas soláthair féin aici

# Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Seachas Innovation Value Services Limited, níor fhostaigh na fochuideachtaí aon fhoireann go díreach le linn 2016/17. Tugann foireann na hollscoile faoi dhualgais a bhaineann le gníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí agus gearrann an ollscoil táillí ar an bhfochuideachta as na seirbhísí seo. Deimhníonn an tÚdarás Rialaithe an méid seo a leanas:

1. Tá Bord Stiúrthóirí ag gach fochuideachta (seachas Innovation Value Services Limited) a roghnaítear ó chomhaltaí d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, atá ina gcomhaltaí den Údarás Rialaithe chomh maith agus baineann an Cód Rialachais a comhaontaíodh idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an ollscoil le gníomhaíochtaí na cuideachta faoi mar a bhaineann an Cód Iompair don fhoireann agus an Cód Iompair do chomhaltaí an Údaráis Rialaithe. Baineann gnáthbheartais agus nósanna imeachta na hollscoile leis na fochuideachtaí seo.
2. Cuireann gach fochuideachta a ráitis airgeadais féin ar fáil Cuirtear gach fochuideachta san áireamh sna Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais. Tá Ráitis Airgeadais na bhfochuideachtaí ar fad suas to dtí an bhliain dar críoch Meán Fómhair 2017 deimhnithe ag an Iniúchóir Seachtrach.
3. Tá socruithe foirmiúla institiúideacha i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh, lena n-áirítear tuairisciú a dhéanamh don Choiste um Iniúchadh agus Measúnú Riosca agus don Údarás Rialaithe ar bhonn bliantúil.

Scríobh stiúrthóirí na bhfochuideachtaí (seachas Innovation Value Services Limited) chuig an Údarás Rialaithe agus d'aithin siad freagrachtaí na Stiúrthóirí as rialachas a fheidhmiú atá ag teacht leis na caighdeáin a éilíonn Cód Rialachais na hollscoile féin.

**Tuairisciú de Mheon Macánta – An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014:**
Cheadaigh Ollscoil Mhá Nuad Beartas um Nochtadh Cosanta (Sceithireacht) i mí Feabhra 2016 agus is féidir amharc ar an mbeartas seo ag www.maynoothuniversity.ie nó tá sé ar fáil ar iarratas ó Governing.Authority@nuim.ie. Tá an beartas i gcomhréir go hiomlán leis an reachtaíocht. Is é seo an beartas faoinar féidir le fostaithe agus oibrithe eile Tuairisciú de Mheon Macánta a dhéanamh maidir le himní faoi mhírialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tuairisciú airgeadais agus lena áirithiú go ndéantar ceisteanna a ardaítear ar an mbealach sin a fhiosrú go fiúntach. Cuirtear in iúl gur ann don bheartas agus déantar é féin agus na meicníochtaí tuairiscithe atá laistigh de a chur chun cinn trí leathanach gréasáin na hollscoile, trí University News, an nuachtlitir foirne agus trí oiliúint ionduchtúcháin don fhoireann. Cuirfear tús le hoiliúint fhoirmiúil maidir leis an mbeartas le linn 2018. Deimhníonn Ollscoil Mhá Nuad gur foilsíodh na tuarascálacha bliantúla a éilítear faoi Alt 22(i) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta le linn na bliana.

**Sonraí Mac Léinn agus Foirne:**
Tá Ollscoil Mhá Nuad tar éis a dheimhniú di féin go bhfuil sonraí na mac léinn a cuireadh ar fáil don ÚAO chun an croídheontas a ríomh agus a leithdháileadh iontaofa agus láidir. Ina theannta sin tá Ollscoil Mhá Nuad tar éis a dheimhniú di féin go bhfuil líon na foirne a cuireadh ar fáil don ÚAO, de réir mar a éilítear, iontaofa agus láidir.

**Cruinnithe an Údaráis Rialaithe:**
Is é **Údarás Rialaithe** Ollscoil Mhá Nuad an príomheintiteas rialachais agus cinnteoireachta laistigh den ollscoil. Faoi *Acht na nOllscoileanna, 1997*, "is é a húdarás rialaithe a dhéanfaidh feidhmeanna ollscoile nó déanfar iad faoina threoir" agus "na gníomhartha agus na nithe go léir a dhéanfaidh údarás ceannais, nó a dhéanfar in ainm nó thar ceann na hollscoile le húdarás sainráite nó intuigthe an údaráis ceannais, measfar gurb í an ollscoil a rinne iad". Tá an tÚdarás Rialaithe freagrach as agus sásta go bhfuil na dualgais reachtúla a bhaineann léi á gcomhlíonadh ag an Ollscoil agus ar féidir go mbeidís leagtha amach sa reachtaíocht faoina rialaítear bunú na hollscoile nó i reachtaíocht ábhartha eile.

Tá comhaltas an cúigiú Údarás Rialaithe ar Ollscoil Mhá Nuad comhdhéanta de 31 comhalta agus tá sé chomh hionadaíoch agus is féidir ag teacht le forálacha *Acht na nOllscoileanna 1997*. Tá cathaoirleach neamhspleách air. Toghadh an Banbharún Nuala O'Loan mar Chathaoirleach i mí na Nollag 2010 agus rinne sí cathaoirleacht ar a céad chruinniú i mí Feabhra 2011. Atoghadh í ag cruinniú den Údarás Rialaithe a tionóladh i mí na Samhna 2015.

Tagann leath na gcomhaltaí ó lasmuigh den ollscoil (comhaltas tuata) agus tagann leath ón ollscoil. Foilsítear cinntí an Údaráis Rialaithe ar shuíomh gréasáin na hollscoile www.maynoothuniversity.ie. Faoi alt 34 *d'Acht an nOllscoileanna, 1997* déanfaidh an tÚdarás Rialaithe plean straitéiseach na hollscoile a cheadú agus áiritheoidh sé go seolfar cóip den phlean straitéiseach chuig an Aire Oideachais agus Scileanna agus chuig an Údarás um Ard-Oideachas. Chuir an tUachtarán Plean Straitéiseach don tréimhse 2012 go dtí 2017 i láthair agus cheadaigh an tÚdarás Rialaithe é lena fhoilsiú i mí na Samhna 2012. Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna an Plean go foirmiúil i mí an Mheithimh 2013. Is é an teideal atá ar an bplean "*Ollscoil na hÉireann Má Nuad Plean Straitéiseach 2012 – 2017*" agus is féidir teacht air ag www.maynoothuniversity.ie nó tá sé ar fáil ar iarratas chuig Governing.Authority@nuim.ie. Tá plean nua don tréimhse 2018 – 2022 á fhorbairt agus tá sé le bheith críochnaithe i mí Aibreáin 2018.

# Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Feidhmíonn Sparánaí agus Rúnaí na hOllscoile mar Rúnaí ar an Údarás Rialaithe. Tháinig an tÚdarás Rialaithe le chéile sé huaire i rith na bliana. Taispeánann tábla 1 ar leathanach 14 taifead tinrimh na gcomhaltaí i rith na bliana.

| | **An tÚdarás Rialaithe Comhalta** | **Líon na gCruinnithe a Rabhthas i dTeideal Freastal Orthu** | **Líon na gCruinnithe a nDearnadh Freastal Orthu** | **An Céatadán Freastail** |
|---|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach (1)** | An Banbharún Nuala O'Loan | 6 | 6 | 100% |
| **Ex Officio (3)** | An tOllamh Philip Nolan<br>An tOllamh Aidan Mulkeen<br>An Dr Mike O'Malley | 6<br>6<br>6 | 6<br>6<br>6 | 100%<br>100%<br>100% |
| **Comhaltaí den fhoireann acadúil atá ina nOllúna nó ina nOllúna Comhlacha (2)** | An tOllamh Chris Morris<br>An tOllamh Sharon Todd | 6<br>6 | 6<br>6 | 100%<br>100% |
| **Comhaltaí buana nó lánaimseartha den fhoireann acadúil seachas Ollúna nó Ollúna Comhlacha (4)** | An tUasal Séamus Taylor<br>An tOllamh Mary Gilmartin[1]<br>An Dr Úna Crowley<br>An tOllamh Fiona Lyddy[2]<br>An Dr Jeneen Naji<br>An tOllamh Tomás Ward[3]<br>An Dr Anthony Malone | 6<br>1<br>4<br>1<br>4<br>1<br>5 | 6<br>1<br>3<br>1<br>4<br>1<br>3 | 100%<br>100%<br>75%<br>100%<br>100%<br>100%<br>60% |
| **Fostaithe buana nó lánaimseartha de chuid na hOllscoile nach bhfuil ar an bhfoireann acadúil (2)** | An tUasal James Cotter<br>Paula Murray, Uasal | 6<br>6 | 6<br>6 | 100%<br>100% |
| **Oifigigh tofa ó Aontas na Mac Léinn (3)** | An tUasal Dillon Grace[4]<br>An tUasal Leon Diop<br>Niamh Halpenny, Uasal<br>Karen Kane, Uasal[5]<br>Aoife Fennell, Uasal | 5<br>1<br>6<br>5<br>1 | 5<br>1<br>6<br>5<br>1 | 100%<br>100%<br>100%<br>100%<br>100% |
| **Mac Léinn iarchéime (1)** | Roxanne Paul, Uasal[6]<br>Robyn Duke, Uasal | 1<br>5 | 1<br>3 | 100%<br>60% |
| **Ainmní Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) (1)** | Christine Moran, Uasal | 6 | 3 | 50% |
| **Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) (1)** | Sheila Nunan, Uasal | 6 | 4 | 67% |
| **Ainmnithe Choláiste Phádraig (3)** | An Moinsíneoir Hugh Connolly[7]<br>An tOllamh Oirmhinneach Michael Mullaney<br>An Moinsíneoir Jim Cassin (scaoilte)<br>An Dr Marie Griffin | 5<br>1<br>6<br>6 | 3<br>1<br>1<br>5 | 60%<br>100%<br>17%<br>83% |
| **Céimithe na hOllscoile (2)** | Maura Moore, Uasal<br>An tUasal Michael Smyth | 6<br>6 | 6<br>5 | 100%<br>83% |
| **Ainmnithe Sheanad Ollscoil na hÉireann (2)** | An tOllamh Mary Corcoran<br>An tOllamh Martin Curley | 6<br>6 | 6<br>3 | 100%<br>50% |
| **Ainmnithe an Aire (2)[8]** | Folamh<br>Folamh | | | |
| **Comhaltaí seachtracha eile (4)** | An tUasal Peter Cassells<br>An tUasal Richard George<br>An tUasal Eugene Magee<br>Madeleine Mulrennan, Uasal | 6<br>6<br>6<br>6 | 4<br>5<br>4<br>5 | 67%<br>83%<br>67%<br>83% |

**Tábla 1: Taifid Tinrimh Chomhaltaí an Údaráis Rialaithe le linn 2016/17**

[1] Tháinig an Dr Úna Crowley in ionad an Ollaimh Mary Gilmartin
[2] Tháinig an Dr Jeneen Naji in ionad an Ollaimh Fiona Lyddy
[3] Tháinig an Dr Anthony Malone in ionad an Ollaimh Tomás Ward
[4] Tháinig an tUasal Leon Diop in ionad an Uasail Dillon Grace
[5] Tháinig Aoife Fennell, Uasal in ionad Karen Kane, Uasal
6 Tháinig Robyn Duke, Uasal in ionad Roxanne Paul, Uasal
[7] Tháinig an Moinsíneoir Michael Mullaney in ionad an Mhoinsíneora Hugh Connolly
[8] Tá Ainmnithe an Aire le fáil fós

## Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Maireann téarma oifige an Údaráis Rialaithe ar feadh ceithre bliana go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2019. Tá Cód Iompair do chomhaltaí an Údaráis Rialaithe curtha i bhfeidhm agus tá sé á fheidhmiú. Cheadaigh an tÚdarás Rialaithe é i mí an Mheithimh 2009.

Is í **Comhairle Acadúil** Ollscoil Mhá Nuad atá mar údarás acadúil ar an ollscoil agus is ón bhfoireann acadúil, ó mhic léinn agus ó fhoireann sheirbhísí tacaíochta acadúla na hollscoile a thagann na comhaltaí ar fad atá uirthi. Is é an ról atá aici maoirsiú a dhéanamh ar obair theagaisc agus ar obair thaighde na hollscoile. Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile sé huaire i rith na bliana.

Is é an **tUachtarán** príomhoifigeach acadúil agus riaracháin na hollscoile. Tá an tUachtarán freagrach don Údarás Rialaithe maidir le héifeachtúlacht agus dea-ord na hollscoile a choinneáil, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais atá leagtha síos faoi ailt éagsúla *d'Achtanna na nOllscoileanna, 1997 - 2006.* Féadfar an tUachtarán a ghairm le teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí nó os comhair Coistí eile de thithe an Oireachtais. Chuaigh an tOllamh Philip Nolan i mbun oifige i mí Lúnasa 2011 ar feadh tréimhse deich mbliana. Tugann foireann Fheidhmeannacht na hOllscoile tacaíocht don Uachtarán. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha Fheidhmeannacht na hOllscoile:

| | |
|---|---|
| An tOllamh Philip Nolan | Uachtarán |
| An tOllamh Aidan Mulkeen | Leas-Uachtarán um Chúrsaí Acadúla, Cláraitheoir agus Uachtarán Ionaid |
| An tOllamh Ray O'Neill | Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht |
| An Dr Mark Maguire | Déan na nEolaíochtaí Sóisialta |
| An tOllamh Maria Pramaggiore | Déan an Staidéir Iarchéime |
| An tOllamh Brian Donnellan | Déan na nGnóthaí Idirnáisiúnta |
| An tOllamh Fiona Lyddy | Déan na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta |
| An tOllamh Victor Lazzarini | Déan na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta |
| An Dr Alison Hood | Déan an Teagaisc agus na Foghlama |
| Rosaleen McCarthy, Uasal | Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| An Dr Mike O'Malley | Sparánaí agus Rúnaí |
| An tUasal Chris Hyland | Príomhoifigeach Faisnéise agus Nuálaíochta |
| Elizabeth Dunne, Uasal | Leas-Uachtarán Eastáit agus Forbairt Chaipitil |

Chomh maith leis sin, tá sé bhuanchoiste den Údarás Rialaithe bunaithe ag an Údarás Rialaithe (ar comhchoistí le Comhairle Acadúil na hollscoile trí cinn díobh) a bhfuil téarmaí tagartha scríofa acu agus ballraíocht shonraithe lena n-áirítear ballraíocht neamhspleách. Tá comhalta neamhspleách den Údarás Rialaithe mar chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

Cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca: Tháinig an **Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca** in Ollscoil Mhá Nuad le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Breithníonn sé tuarascálacha mionsonraithe in éineacht le moltaí chun córais rialaithe inmheánacha na hollscoile a fheabhsú chomh maith le freagairtí agus pleananna feidhmithe na bainistíochta. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Údarás Rialaithe agus tá sé d'údarás aige aon fhaisnéis a iarraidh ón Oifig Airgeadais, ó chomhaltaí d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, ó iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus aon duine eile de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Níl an Sparánaí mar chomhalta den Choiste. Cé gur féidir le comhaltaí eile d'Fheidhmeannacht na hOllscoile freastal ar chruinnithe den Choiste ó am go ham ar chuireadh, ní comhaltaí den Choiste iad. Buaileann an Coiste leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha uair sa bhliain astu féin i gcomhair comhráite neamhspleácha faoina gcuid oibre iniúchta agus aon nithe ar mian leis na hiniúchóirí iad a phlé gan pearsanra bainistíochta a bheith i láthair. Le linn 2016/17, bhuail an Coiste le hionadaí sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ócáid amháin. Taispeánann an tábla thíos tinreamh chomhaltaí an Choiste ag cruinnithe.

| Comhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca | Líon na gCruinnithe a bhfuiltear i dTeideal Freastal Orthu | Líon na gCruinnithe a nDearnadh Freastal Orthu | An Céatadán Freastail |
|---|---|---|---|
| An tUasal Richard George (Cathaoirleach) | 4 | 4 | 100% |
| An tUasal Peter Cassells | 4 | 3 | 75% |
| Maura Moore, Uasal | 4 | 3 | 75% |
| Christine Moran, Uasal | 4 | 4 | 100% |
| An tUasal Michael Smyth | 4 | 4 | 100% |
| Folamh | | | |

## Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá freagrachtaí maoirseachta ar **Choiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha** Ollscoil Mhá Nuad sna réimsí a bhaineann le pleanáil oibríochtúil agus buiséadú, struchtúr táillí, soláthar, bainistiú sócmhainní, forbairt an champais, acmhainní daonna, agus úsáid stuama shéala na hollscoile. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana. Is é an tUachtarán atá in chathaoirleach ar an gCoiste agus feidhmíonn an Sparánaí mar Rúnaí ar an gCoiste.

Tháinig an **Coiste Luacha Saothair** le chéile uair amháin le linn na bliana. Tá air teacht le chéile nuair a bhíonn moladh ag an Uachtarán maidir le himeacht ceadaithe ó na scálaí pá atá faofa. Is í an Banbharún Nuala O'Loan atá ina cathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair. Rinneadh ceapachán amháin le linn na bliana agus tuairiscíodh don ÚAO é i gcomhréir leis an Imeacht ó na Leibhéil Luach Saothair atá Ceadaithe.

Tháinig an **Coiste Cáilíochta** le chéile cúig uaire le linn na bliana. Is í Paula Murray, Uasal, ionadaí ón bhfoireann riaracháin ar an Údarás Rialaithe, atá ina cathaoirleach ar an gCoiste agus is í Siobhán Harkin, Uasal, Stiúrthóir na Cáilíochta, atá ina rúnaí air. Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Cáilíochta maidir le hoibleagáidí na hollscoile a chomhlíonadh i leith dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta go hinmheánach agus go seachtrach. Is comhchoiste leis an gComhairle Acadúil é seo.

Tá freagrachtaí maoirseachta ar an **gCoiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Idirchultúrachais** sna réimsí a bhaineann le comhionannas inscne, cúiseanna eile le neamh-chomhionannas, gníomhú in aghaidh foinsí leithcheala, ceisteanna cultúrtha agus na ceisteanna thart timpeall ar éagsúlacht foirne agus mac léinn. Is í an tOllamh Mary Corcaran atá ina cathaoirleach air agus feidhmíonn Oifigeach Comhionannais na hOllscoile mar Rúnaí ar an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana.

**Tháinig Coiste Gaeilge na hOllscoile** le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Déanann an Coiste maoirseacht ar na beartais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Is é an tOllamh Seán Ó Riain atá ina chathaoirleach air, agus is í Orla Bradshaw, Oifigeach na Gaeilge, an rúnaí. Is comhchoiste leis an gComhairle Acadúil é seo.

Tagann Feidhmeannacht na hOllscoile le chéile ar bhonn rialta agus faigheann siad tuarascálacha ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus riosca agus déanann siad breithniú ar cheisteanna rialála féideartha a thugann meicníochtaí luathrabhaidh chun solais dóibh agus atá leabaithe in aonaid oibríochtúla (lena n-áirítear dámha agus ranna).

Coimeádann an ollscoil Clár Leasa do chomhaltaí an Údaráis Rialaithe agus na foirne i gcomhréir lena ndualgais dhlíthiúla faoi *na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poilbí, 1995 agus 2001.*

**Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis Rialaithe:**
Éilítear le *Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann* go dtreoródh Cathaoirleach an Údaráis Rialaithe athbhreithniú tréimhsiúil ar éifeachtacht an Údaráis Rialaithe ag an Údarás Rialaithe féin. Le linn 2013/15 (leath bealaigh trí théarma oifige an cheathrú Údarás Rialaithe), shocraigh an Banbharún O'Loan go ndéanfaí an t-athbhreithniú sin. D'éascaigh an tUasal Peter Osborne ó Aturnaetha McCann FitzGerald an t-athbhreithniú. Thug an t-athbhreithniú fuinneamh nua don Údarás Rialaithe agus spreag sé é chun díriú go príomha ar róil an rialachais agus na maoirseachta de réir mar a éilíonn *Achtanna na nOllscoileanna 1997 - 2006,* an Cód Rialachais agus dea-chleachtais. Ag eascairt as torthaí an athbhreithnithe, rinneadh atheagrú ar struchtúr an choiste agus tháinig sé sin i bhfeidhm leis an Údarás Rialaithe nua in 2016. Déanfar an chéad athbhreithniú eile in 2017/18, ar athbhreithniú ar an Údarás Rialaithe é a bheidh á éascú go seachtrach, faoi mar a cheanglaítear de réir Chód na gComhlachtaí Stáit. Agus é seo á scríobh, bhí Crowe Horwath fostaithe chun an t-athbhreithniú sin a éascú.

Arna shíniú thar ceann an Údaráis Rialaithe an 26 Aibreán 2018.

An tOllamh Philip Nolan
Uachtarán

An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ollscoil Mhá Nuad

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ollscoil Mhá Nuad, don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach,
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe ar chúlchistí,
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais,
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas cóir agus cothrom ar shócmhainní agus ar staid airgeadais na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile ar an 30 Meán Fómhair 2017 agus ar ioncam agus caiteachas na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile don bhliain a raibh críoch léi ag an am sin i gcomhréir le *Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

***Béim ar ábhar – cistiú iarchurtha pinsin***

Gan coinníoll a chur le mo thuairim ar na ráitis airgeadais, is mian liom aird a tharraingt ar Nóta 22 Sochair Scoir.

Léiríonn an t-aitheantas a thugtar do shócmhainní um maoiniú iarchurtha pinsin maidir le Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009, (€358 milliún) agus maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (€4 mhilliún) forálacha reachtúla a bhaineann le maoiniú na scéimeanna sin.

Léiríonn an t-aitheantas a thugtar do shócmhainn de €83 milliún maidir le Scéim Aoisliúntais Fhostaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, scéim 2007, go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát cistiú ar fáil chun freastal ar dhliteanais phinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo speansais reatha agus go bhfreastalóidh aon chistiú ón Stát ar aon easnamh acmhainní chun dliteanais phinsin a mhaoiniú amach anseo.

**An bonn atá leis an tuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI). Déantar tuilleadh cur síos ar mo chuid freagrachtaí san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile**

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí sin tuarascáil an Sparánaí agus an ráiteas ar rialachas agus ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm i dtaca le tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a ndéanaim iad a thuairisciú trí eisceacht san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh soláthair***

Déanaim aird a tharraingt ar ráiteas na hOllscoile ar rialachas agus ar rialú inmheánach ina ndéantar nochtadh ar roinnt cásanna inar tharla neamhchomlíonadh rialacha soláthair le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Déantar cur síos sa ráiteas freisin ar ghníomh atá beartaithe ag an Ollscoil chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a bhaineann le soláthar.

Níl dada le tuairisciú agam maidir le hábhair eile a ndéantar iad a thuairisciú trí eisceacht.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,**

**An 4 Bealtaine 2018**

## Iarscríbhinn leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis Rialaithe

Leagtar amach sa ráiteas ar fhreagrachtaí na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Údaráis Rialaithe. Tá sé de fhreagracht ar chomhaltaí an Údaráis Rialaithe

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997
- a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil cuntasaíocht ar bhonn gnóthas leantach oiriúnach, agus
- aon rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach lena áirithiú go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó de bharr earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de fhreagracht ormsa, faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Dearbhú ar ardleibhéal is ea dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíonn sé go ndéanfar míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí, nuair is ann dó, in iniúchadh a dhéantar a reáchtáil i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh. Féadfaidh míshonruithe tarlú de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go meastar le réasún go bhféadfaidís, astu féin nó go comhiomlán, tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh tugaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim rioscaí i dtaca le míshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó de bharr earráide, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá baol níos mó ann nach ndéanfar míshonrú ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná mar atá ag baint le gan earráid a bhrath, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, bréagléiriú, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na himthosca, ach ní chun tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh maidir leis an oiriúnacht a bhaineann le cuntasaíocht ar bhonn gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaighim, an ann do neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil nochtadh den sórt sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid cinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar imeachtaí nó ar chúinsí sa todhchaí go stadfadh an Ollscoil de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais, chomh maith lena struchtúr agus leis an ábhar atá iontu, lena n-áirítear an nochtadh, agus pé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na idirbhearta agus ar na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a dhéanann iad a chur i láthair go cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu, maidir leis an raon feidhme agus leis an uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus maidir le cinntí suntasacha an iniúchta, chomh maith le hábhair eile lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním i m'iniúchadh.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais faisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim cinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith siúd.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, an fhaisnéis eile a chuirtear os mo chomhair a léamh, agus arna dhéanamh sin dom, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó i gcás gur cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil mírshonrú ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de cheangal orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú a dhéanamh ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát i dtaca lena gcuid bainistíochta agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím ar aon nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí a sheoladh.

Lorgaím fianaise maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha inar tharla sé nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch dá raibh sé ceaptha nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím trí eisceacht freisin mura bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis

- agus na mínithe ar fad a bhí de dhíth orm do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid iniúchta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach

**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2017**

| | Nótaí | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 (mar atá athshonraithe) Comhdhlúite €'000 | 2016 (mar atá athshonraithe) Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit - Athfhillteach | 3 | 20,913 | 20,913 | 19,800 | 19,800 |
| Deontais Stáit - Talamh | 3 | - | - | 2,000 | 2,000 |
| Táillí mac léinn | 4 | 64,575 | 64,575 | 60,420 | 60,420 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | 25,281 | 25,281 | 23,148 | 23,148 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 15 | 2,539 | 2,539 | 2,640 | 2,640 |
| Ioncam eile | 6 | 13,175 | 13,828 | 12,047 | 11,278 |
| Ioncam ó infheistíocht | 7 | 279 | 279 | 210 | 210 |
| Tabhartais agus dearlaicí | 8 | - | - | 3,549 | 3,549 |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh Pinsean | 22 | 24,544 | 24,544 | 21,128 | 21,128 |
| **Ioncam iomlán** | | 151,306 | 151,959 | 144,942 | 144,173 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 9 | 89,049 | 88,636 | 81,599 | 81,526 |
| Costais oibriúcháin eile | 11 | 47,338 | 46,784 | 42,845 | 42,141 |
| Dímheas | 13 | 7,295 | 7,295 | 5,743 | 5,744 |
| Us agus costais airgeadais eile | 10 | 8,089 | 8,089 | 9,123 | 9,119 |
| **Caiteachas iomlán** | | 151,771 | 150,804 | 139,310 | 138,530 |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh ghnóthachain chaillteanais eile agus sciar an bharrachais oibriúcháin de chomhfhiontair agus** | | (465) | 1,155 | 5,632 | 5,643 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | - | - | - |
| Sciar den bharrachas oibriúcháin i gcomhfhiontar | 17 | 500 | 500 | 365 | 365 |
| **Barrachas roimh cháin** | | 35 | 1,655 | 5,997 | 6,008 |
| Cánachas | 12 | - | - | - | - |
| **Barrachas don bhliain** | | 35 | 1,655 | 5,997 | 6,008 |
| Gnóthachan (caillteanas) achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | 22 | (31,211) | (31,211) | (79,518) | (79,518) |
| Coigeartú ar Phinsean Cistithe Iarchurtha | 22 | 31,211 | 31,211 | 79,518 | 79,518 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **35** | **1,655** | **5,997** | **6,008** |
| Arna léiriú ag: | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice don bhliain | | - | - | - | - |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | 24 | (3,390) | (3,390) | 1,651 | 1,651 |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | 3,425 | 5,045 | 4,346 | 4,357 |
| | | **35** | **1,655** | **5,997** | **6,008** |
| **Barrachas don bhliain inchurtha i leith:** | | | | | |
| Leasanna neamh-urlámhais | | - | - | - | - |
| Ollscoil | | 35 | 1,655 | 5,997 | 6,008 |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe ar Chúlchistí

**An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017**

| Comhdhlúite | An cuntas ioncaim agus caiteachais *Dearlaic* | *Srianta* | *Neamhshrianta* | Iomlán gan leasanna neamh-urlámhais san áireamh | Leasanna neamh-urlámhais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 - Mar a tuairiscíodh roimhe seo** | - | 3,233 | 96,774 | 100,007 | - | 100,007 |
| Coigeartú don Bhliain roimhe sin - Coigeartú trasdula FRS102 a cheartú | - | - | 7,607 | 7,607 | | 7,607 |
| **Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 - Mar atá athshonraithe** | - | **3,233** | **104,381** | **107,614** | - | **107,614** |
| Barrachas/(easnamh) ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach | - | 1,651 | 2,346 | 3,997 | - | 3,997 |
| Coigeartú don Bhliain roimhe sin - Coigeartú FRS102 & 2015 HE SORP a cheartú | - | - | 2,000 | 2,000 | - | 2,000 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana | - | - | - | - | - | - |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 1,651 | 4,346 | 5,997 | - | 5,997 |
| **Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2016** | - | **4,884** | **108,727** | **113,611** | - | **113,611** |
| Barrachas/(easnamh) ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach | - | 159 | (124) | 35 | - | 35 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana | - | (3,549) | 3,549 | - | - | - |
| **(Caillteanas)/Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (3,390) | 3,425 | 35 | - | 35 |
| **Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2017** | - | **1,494** | **112,152** | **113,646** | - | **113,646** |

| Ollscoil | An cuntas ioncaim agus caiteachais *Dearlaic* | *Srianta* | *Neamhshrianta* | Iomlán gan leasanna neamh-urlámhais san áireamh | Leasanna neamh-urlámhais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 - Mar a tuairiscíodh roimhe seo** | - | 3,203 | 95,499 | 98,702 | - | 98,702 |
| Coigeartú don bhliain roimhe sin - Coigeartú trasdulta FRS102 & 2015 HE SORP a cheartú | - | - | 7,607 | 7,607 | | 7,607 |
| Coigeartú don bhliain roimhe sin - Aitheantas do shubstaint an idirbhirt sócmhainní in eintiteas na hOllscoil | - | - | (94) | (94) | | (94) |
| **Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 - Mar atá athshonraithe** | - | **3,203** | **103,012** | **106,215** | - | **106,215** |
| Barrachas/(easnamh) ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach | - | 1,651 | 2,433 | 4,084 | - | 4,084 |
| Coigeartú don Bhliain roimhe sin - Coigeartú FRS102 & 2015 HE SORP a cheartú | - | - | 2,000 | 2,000 | - | 2,000 |
| Coigeartú don bhliain roimhe sin - Aitheantas do shubstaint an idirbhirt sócmhainní in eintiteas na hOllscoil | - | - | (76) | (76) | - | (76) |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana | - | - | - | - | - | - |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 1,651 | 4,357 | 6,008 | - | 6,008 |
| **Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2016** | - | **4,854** | **107,369** | **112,223** | - | **112,223** |
| Barrachas/(easnamh) ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach | - | 159 | 1,496 | 1,655 | - | 1,655 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana | - | (3,549) | 3,549 | - | - | - |
| **(Caillteanas)/Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (3,390) | 5,045 | 1,655 | - | 1,655 |
| **Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2017** | - | **1,464** | **112,414** | **113,878** | - | **113,878** |

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2017**

| | Nótaí | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 (mar atá athshonraithe) Comhdhlúite €'000 | 2016 (mar atá athshonraithe) Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh | 13 | 225,965 | 225,965 | 225,782 | 223,039 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 14 | 183 | 183 | 183 | 183 |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 16 | 2,050 | 2,050 | 2,050 | 2,050 |
| Infheistíochtaí | 18 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Infheistíocht i gcomhfhiontar | 17 | 250 | 250 | 250 | 250 |
| | | 228,449 | 228,449 | 228,266 | 225,523 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Infháltais trádála agus eile | 19 | 16,808 | 16,875 | 16,863 | 18,510 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 25 | 68,927 | 68,657 | 41,486 | 41,057 |
| | | 85,735 | 85,532 | 58,349 | 59,567 |
| Lúide: Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 20 | (49,683) | (49,248) | (46,490) | (46,353) |
| **Glansócmhainní (dliteanais) reatha** | | 36,052 | 36,284 | 11,859 | 13,214 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha** | | 264,501 | 264,733 | 240,125 | 238,737 |
| Creidiúnaithe: méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amh | 21 | (76,140) | (76,140) | (50,000) | (50,000) |
| **Forálacha** | | | | | |
| Soláthairtí do phinsin | 22 | (445,554) | (445,554) | (455,444) | (455,444) |
| Pinsean infhaighte | | 445,554 | 445,554 | 455,444 | 455,444 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **188,361** | **188,593** | **190,125** | **188,737** |
| **Deontas Caipitil Stáit** | 15 | 74,715 | 74,715 | 76,514 | 76,514 |
| **Cúlchistí Srianta** | | | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais - cúlchiste srianta | 24 | 1,494 | 1,464 | 4,884 | 4,854 |
| **Cúlchistí Neamhshrianta** | | | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais - neamhshrianta | | 112,152 | 112,414 | 108,727 | 107,369 |
| Cúlchiste Iomlán Ioncaim agus Caiteachais | | 113,646 | 113,878 | 113,611 | 112,223 |
| **Cúlchistí Iomlána** | | **188,361** | **188,593** | **190,125** | **188,737** |

D'fhaomh an tÚdarás Rialála na Ráitis Airgeadais ar leathanach 20 go leathanach 44 ar an 26 Aibreán 2018 agus tá siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Phillip Nolan
Uachtarán

An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid

### An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

| | Nótaí | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain roimh bharrachas oibriúcháin na gcomhfhiontar agus na gcc | | (465) | 5,632 |
| **Coigeartú do mhíreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 13 | 7,295 | 5,743 |
| Deontais iarchurtha chaipitil scaoilte chuig ioncam | 15 | (2,539) | (2,640) |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | 19 | (1,098) | (7,069) |
| Méadú (laghdú) ar chreidiúnaithe | 20 | 4,696 | 3,561 |
| Ús infhaighte | 7 | (279) | (210) |
| Dáileadh ó chomhfhiontar | 17 | 500 | 615 |
| **Coigeartú do ghníomhaíochtaí infheistíochta nó maoinithe** | | | |
| Ús iníoctha | 10 | 1,525 | 777 |
| Brabús ar dhíol sócmhainní seasta | | - | - |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 9,635 | 6,409 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltais ó dheontais chaipitil | 15 | 1,893 | 2,598 |
| Ioncam ó infheistíocht | 7 | 279 | 210 |
| Íocaíochtaí a rinneadh chun sócmhainní seasta a fháil | 13 | (9,606) | (35,472) |
| Infheistíochtaí nua maidir le sócmhainní neamhreatha | 16 | - | (2,050) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | (7,434) | (34,714) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | 10 | (1,525) | (777) |
| Iasachtaí nua neamhurraithe | 21 | 26,765 | 50,000 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | 25,240 | 49,223 |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain** | | **27,441** | **20,918** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | 25 | 41,486 | 20,568 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | 25 | 68,927 | 41,486 |
| Gluaiseachtaí in airgead agus i gcoibhéisí airgid | | **27,441** | **20,918** |

**1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta**

Tá achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a meastar iad a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go seasmhach le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin (seachas maidir leis na coigeartuithe don tréimhse roimhe sin a mhínítear i Nóta 29).

***A Bonn an ullmhúcháin agus ráiteas comhlíonta***

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta (SORP) - Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas - (ach amháin go n-aithnítear an deontas caipitil stáit iarchurtha i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe) agus i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus atá á fhógairt le húsáid in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

***B Bonn an Chomhdhlúite***

Cuimsíonn na ráitis chomhdhlúite airgeadais an Ollscoil agus a cuid fochuideachtaí go léir don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2017. Tá na torthaí d'fhochuideachtaí a fuarthas nó a diúscraíodh le linn na tréimhse san áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ó dháta an fhála go dtí dáta na diúscartha. Déantar iarmhéideanna inghrúpa a dhíothú ach a ndéantar comhdhlúthú.

Níl ioncam agus caiteachas Aontas na Mac Léinn san áireamh sna ráitis chomhdhlúite airgeadais mar nach bhfeidhmíonn an Ollscoil rialú ná tionchar ceannasach ar chinntí beartais.

***C Aitheantas Ioncaim***

Déantar ioncam ó infheistíocht a chur do shochar an ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ar bhonn infhaighte.

Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad.

***Cistiú Deontais Stáit***

Aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) nó ó chomhlachtaí eile bunaithe ar an múnla fabhraithe agus déantar iad a thomhas ag an luach cóir a fuarthas nó atá infhaighte. Déantar deontais a aicmiú de réir mar a bhaineann siad le hioncam nó le sócmhainní. Aithnítear deontais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha a bhaineann le teacht isteach mar ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Aithnítear deontais ón ÚAO nó ó chomhlachtaí rialtais a fuarthas i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta thar shaolré fhónta ionchasach na sócmhainne. Nuair a dhéantar cuid den deontas a iarchur aithnítear é mar ioncam iarchurtha. Aithnítear Deontais Stáit a fhaightear chun talamh a cheannach faoin múnla feidhmíochta i gcomhréir leis an SORP.

***Deontais Taighde***

Aithnítear ioncam ó dheontais taighde agus ó fhoinsí nach foinsí rialtais iad ar an múnla feidhmíochta .i. aithnítear ioncam sa mhéid agus gur comhlíonadh coinníollacha maidir le feidhmíocht. Go ginearálta, bíonn seo ar cóimhéid le suim an chaiteachais ábhartha a thabhaítear le linn na bliana mar aon le haon ranníocaíochtaí gaolmhara i leith forchostas.

***Tabhartais agus Dearlaicí***

Déantar ioncam ó infheistíocht agus luachmhéadú dearlaicí a thaifeadadh sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, agus mar ioncam srianta nó mar ioncam neamhshrianta, de réir na dtéarmaí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gciste dearlaice aonair. Tá ceithre phríomhchineál tabhartas agus dearlaicí laistigh de na cúlchistí.

*1. Tabhartais shrianta*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an tabhartas a úsáid do chuspóir ar leith.
*2. Dearlaicí neamhshrianta buana*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an ciste a infheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint a bheidh mar bhuntáiste ginearálta don Ollscoil.
*3. Dearlaicí srianta indiúscartha*
Tá cuspóir faoi leith sonraithe ag an deontóir seachas ceannach nó tógáil sócmhainní seasta inláimhsithe, agus tá sé de chumhacht ag an Ollscoil an caipiteal a úsáid.
*4. Dearlaicí srianta buana*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an ciste a infheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint a bheidh le cur i bhfeidhm ar chuspóir ar leith.
Is tabhartais agus dearlaicí iad idirbhearta nach dtarlaíonn malartú iontu agus nach bhfuil coinníollacha feidhmíochta ag gabháil leo. Aithnítear in ioncam tabhartais agus dearlaicí a bhfuil srianta orthu, ar srianta iad atá forchurtha ag an deontóir, nuair atá an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear an t-ioncam laistigh den chúlchiste srianta nó go dtí go ndéantar é a úsáid i gcomhréir le srianta den sórt sin agus ag an bpointe sin scaoiltear an t-ioncam chuig na cúlchistí ginearálta trí aistriú cúlchistí.

**1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean**

***D Cuntasaíocht do Shochair Scoir***

Tá trí scéim shainithe sochar pinsin á bhfeidhmiú ag an ollscoil, faoi mar a shonraítear i Nóta 22. Tugtar cuntas ar chostais pinsean ar bhonn táille a ghearradh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an ollscoil leas as seirbhísí na bhfostaithe.

Ríomhtar méideanna maidir le costais seirbhíse reatha agus roimhe seo, torthaí ar shócmhainní agus an costas úis ar dhliteanais na scéimeanna, agus ríomhtar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha i gcomhréir le FRS 102, agus aithnítear méideanna comhionanna de bhun shocrú an aistrithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Is ionann ranníocaíochtaí leis an scéim costas ar an ollscoil agus cuirtear de mhuirear iad ar an Ráiteas ar Ioncam

Faoi mar a shonraítear tuilleadh i nóta 22, aithníodh sócmhainn chistithe iarchurtha phinsin comhionann le dliteanais phinsin na hollscoile.

***E Sochair Fostaíochta***

Aithnítear sochair fostaíochta gearrthéarmacha mar thuarastail agus neamhláithreacht chúitithe mar chostas sa bhliain ina dtugann na fostaithe seirbhís don Ollscoil. Fabhraítear aon sochair nár úsáideadh agus déantar iad a thomhas mar an méid breise a bhfuiltear ag súil go n-íocfaidh an Ollscoil é mar thoradh ar an teidlíocht nár úsáideadh.

***F Léasanna Airgeadais***

Aicmítear mar léasanna airgeadais na léasanna ina nglacann an Ollscoil leis na rioscaí agus na luaíochtaí go léir nach mór a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne atá ar léas. Aithnítear sócmhainní ar léas a fuarthas trí léas airgeadais agus na dliteanais léasa comhfhreagracha i dtús báire ag méid atá cothrom leis an méid is ísle dá luach cóir agus de luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa nuair a tionscnaíodh an léas.

Déantar íocaíochtaí léasa a chionroinnt idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas gan íoc. Déantar an muirear airgeadais a leithdháileadh ar gach tréimhse le linn théarma an léasa chun ráta úis seasmhach tréimhsiúil ar iarmhéid an dliteanais atá fanta a tháirgeadh.

***G Léasanna Oibriúcháin***

Déantar costais i dtaca le léasanna oibriúcháin a ghearradh ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa. Déantar aon phréimheanna nó aon dreasachtaí léasa a scaipeadh thar théarma íosta an léasa.

***H Airgeadra Coigríche***

Cuirtear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí iasachta i gcuntas agus leas á bhaint as an meánráta aistrithe don tréimhse. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadraí iasachta go euro ag rátaí dheireadh na bliana nó, nuair a bhíonn réamhchonarthaí gaolmhara aistrithe iasachtaigh i gceist, ag rátaí conartha. Déileáiltear le difríochtaí iarmharacha sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain.

***I Cánachas***

Mar charthanacht dhíolmhaithe, níl an ollscoil faoi dhliteanas Cáin Chorparáide nó Cáin Ioncaim a íoc ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh Cáin Bhreisluacha ach mar gheall gur gníomhaíocht dhíolmhaithe oideachas a sholáthar nach ngearrtar aon cháin aschuir air, ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar thromlach a ceannachán.

Déantar gníomhaíochtaí trádála a ghabhann an ollscoil de láimh a riar trína fochuideachtaí, atá faoi dhliteanas Cáin Chorparáide a íoc mar gur eagraíochtaí tráchtála iad. Tá stádas carthanachta ag na fochuideachtaí Áiseanna OÉ Má Nuad a hAon Teoranta, Áiseanna OÉ Má Nuad a Dó Teoranta, agus Fondúireacht Mhá Nuad Teoranta agus tá siad díolmhaithe ó cháin. Is eintiteas trádála tráchtála é Innovation Value Services Ltd a corpraíodh in 2015/2016 agus is fochuideachta faoi úinéireacht iomlán Ollscoil Mhá Nuad é agus níl sé díolmhaithe ó cháin chorparáide.

***Cánachas Iarchurtha***

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta acu, soláthraítear cánachas iarchurtha ar gach difríocht uainithe a d'eascair ach nár aisiompaíodh ag dáta dheireadh na bliana nuair a tharla idirbhearta nó imeachtaí a raibh sé mar thoradh orthu gur leagadh dualgas chun cáin bhreise a íoc sa todhchaí nó gur bronnadh an ceart níos lú cánach a íoc sa todhchaí ag deireadh na bliana.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí uainithe idir brabúis amhail a ríomhtar ar mhaithe le cuspóirí cánachais iad agus brabúis amhail a shonraítear sna ráitis airgeadais a eascraíonn mar gheall go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachas sna ráitis airgeadais i dtréimhsí cuntasaíochta éagsúla ar mhaithe le cuspóirí cánachais.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina bhfuiltear ag súil go n-aisiompófar na difríochtaí uainithe, bunaithe ar na rátaí cánach agus ar na dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta dheireadh na bliana. Ní dhéantar cáin iarchurtha a fhágáil as an áireamh.

**1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean**

***j Sócmhainní Seasta inláimhsithe***

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide caillteanais ó dhímheas carntha agus ó laige charntha. Déantar míreanna áirithe de shócmhainní seasta a ndearnadh iad a athluacháil chuig luach cóir ar nó roimh dháta an trasdulta chuig FRS102, a thomhas ar bhonn costas measta, arb ionann é agus an méid athluacháilte ag dáta na hathluachála sin.

Nuair atá saolréanna ionchais éagsúla ag codanna de shócmhainn seasta, tugtar cuntas orthu mar mhíreanna ar leith de shócmhainní seasta.

***Talamh agus Foirgnimh***

Déantar talamh agus foirgnimh a thomhas agus úsáid á baint as an múnla costais, mar sin féin, mar chuid de na socruithe idirthréimhseacha de réir FRS102, tá athluacháil de €15.985m go dtí €25m déanta ar an talamh amhail ar an 1 Deireadh Fómhair 2014. Is é sin an costas measta sa todhchaí.

Déantar costais a thabhaítear i dtaca le talamh agus foirgnimh tar éis iad a cheannach nó a thógáil i dtús báire, agus sula ndéantar luacháil orthu, a chaipitliú sa mhéid agus go méadaíonn siad na sochair ionchasacha sa todhchaí don Ollscoil.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe seachas réadmhaoin infheistíochta agus talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide an luach iarmharach a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mar seo a leanas

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 20 go 50 mbliana |
| Foirgnimh Mhodúlacha agus Bonneagar | 10 mbliana |

Déantar talamh léasach a dhímheas thar shaolré an léasa suas go dtí 50 bliain ar a mhéad.

Ní ghearrtar aon dímheas ar shócmhainní atá á dtógáil.

***Trealamh***

Aithnítear mar chaiteachas trealamh, lena n-áirítear ríomhairí agus bogearraí, a chosain níos lú ná €10,000 in aghaidh an earra aonair, Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar a chostas.

Luaitear trealamh caipitlithe ar a chostas agus déantar é a dhímheas thar a shaolré ionchais mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Daingneáin agus Feistis | 5 go 10 mbliana |
| Trealamh Eile | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Saothair Ealaíne | Gan a bheith dímheasta |

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna dímheasta, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha ar an dáta ar a ndéantar gach Ráiteas ar Staid Airgeadais a ullmhú.

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh ó dheontais shonracha stáit, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an mbeartas thuas, agus breactar an deontas gaolmhar do shochar an chuntais deontais iarchurtha caipitil agus scaoiltear é leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach thar shaolré fhónta ionchasach an ghealltanais ghaolmhair.

***Sócmhainní Oidhreachta***

Tá dhá bhailiúchán de shócmhainní oidhreachta i seilbh na hollscoile, a dtugtar cuntas orthu mar seo a leanas.

Saothair Ealaíne Cuimsíonn sé seo bailiúchán de phictiúir agus de dhealbha. Déantar iad a thuairisciú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar a gcostas. Tá saolré éiginnte ag na Saothair Ealaíne agus mar sin ní dhéantar iad a dhímheas.

Bailiúcháin Leabharlainne: Tá roinnt bailiúchán leabharlainne i seilbh na hollscoile, a bhfuil spéis náisiúnta, stairiúil, chultúrtha agus liteartha ag baint leo. Faightear éadálacha trína gceannach nó mar thabhartais. Aithnítear bailiúcháin a ceannaíodh ar a gcostas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní féidir luachálacha i gcomhair bailiúchán a fuarthas mar thabhartais a fháil le réasún agus mar sin ní aithnítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

***k Costais Iasachtaí***

Aithnítear costais iasachtaí mar chaiteachas sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

**1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean**

***L Réadmhaoin Infheistíochta***

Is é atá i gceist le réadmhaoin infheistíochta ná talamh agus foirgnimh a choinnítear i gcomhair ioncam cíosa nó luachmhéadú caipitil seachas iad a úsáid chun seirbhísí a sholáthar.

Déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas ar a luach i dtús báire agus ina dhiaidh sin déantar í a thomhas ag luach cóir agus aithnítear gluaiseachtaí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déanann luachálaithe neamhspleácha gairmiúla tríú páirtí réadmhaoin infheistíochta a athluacháil go bliantúil agus ní dhéantar í a dhímheas ná a amúchadh.

***M Infheistíochtaí***

Déantar infheistíochtaí in eintitis atá faoi chomhrialú, i gcomhlaigh agus i bhfochuideachtaí a iompar ar a gcostas lúide laige i gcuntais

Coinnítear infheistíochtaí a bhaineann le sócmhainní reatha ag luach cóir agus aithnítear gluaiseachtaí sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach.

***N Airgead agus Coibhéisí Airgid***

Cuimsíonn airgead ar láimh, éarlaisí atá inaisíoctha ar éileamh agus rótharraingtí. Tá éarlaisí inaisíoctha ar éileamh má dhéantar sin de réir cleachtais. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus atá inmhalartaithe go héasca ar mhéideanna aitheanta airgid gan aon bhaol suntasach go n-athróidh a luach.

***O Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha***

Aithnítear forálacha sna ráitis airgeadais sa chás:

- go bhfuil oibleagáid reatha ar an Ollscoil (dlíthiúil nó inchiallaithe) mar thoradh ar tharlú roimhe seo;
- gur dócha go dteastóidh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú; agus
- gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar an méid a aithnítear mar fhoráil a chinneadh tríd an sreabhadh airgid ionchasach sa todhchaí a lascainiú ag ráta roimh cháin a léiríonn rioscaí.

***P Cuntasaíocht do Chomhlaigh***

Eintiteas is ea comhlach a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa air agus nach fochuideachta ná leas i gcomhfhiontar atá ann. Déantar torthaí agus sócmhainní agus dliteanais comhlach a chorprú sna ráitis chomhdhlúite airgeadais agus feidhm á baint as modh cuntasaíochta an chothromais.

***Q Cuntasaíocht i gcomhair Comhfhiontar***

Déantar torthaí agus sócmhainní agus dliteanais an chomhfhiontair a chorprú sna ráitis chomhdhlúite airgeadais agus feidhm á baint as modh cuntasaíochta an chothromais.

***R Cúlchistí***

Déantar cúlchistí a aicmiú mar chúlchistí sianta nó neamhshrianta. Cuimsíonn cúlchisti srianta dearlaice iarmhéideanna, mar dhearlaic don Ollscoil, a choinnítear mar chiste atá srianta go buan agus nach mór don Ollscoil é a choinneáil go deo.

I measc na gcúlchistí srianta eile tá iarmhéideanna nuair atá cuspóir faoi leith ainmnithe ag an deontóir agus dá bhrí sin go bhfuil srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí sin.

1 **Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean**

2 **Breithiúnais chuntasaíochta ríthábhachtacha agus príomhfhoinsí éiginnteacht an mheastacháin.**

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar an Ollscoil breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar na meastacháin agus na foshuíomhanna gaolmhara a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Is iad seo a leanas na príomhbhreithiúnais, na príomh-mheastacháin agus na príomh-fhoshuíomhanna a úsáidtear sna ráitis airgeadais:

1. Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh
Déantar dímheas a ríomh bunaithe ar mheastacháin agus ar fhoshuíomhanna maidir le saolré eacnamaíoch fhónta agus luach iarmharach tuarthana sócmhainne

2. Réadmhaoin infheistíochta
Déantar réadmhaoin infheistíochta a mheas ag a luach cóir. Déanann luachálaí gairmiúil neamhspleách athluacháil ar réadmhaoin infheistiochta go bliantúil.

3. Laige
Úsáidtear breithiúnas chun a fháil amach an raibh aon léiriú ar laige in sócmhainní na hollscoile.

4. In-aisghabhálacht féichiúnaithe
Déantar an soláthar do dhrochfhiach a ríomh bunaithe ar ionchas na bainistíochta i ndáil le hin-aisghabhálacht an fhéich. Nuair a bhíonn soláthar á dhéanamh do dhrochfhiach cuirtear na tosca seo leanas san áireamh: próifíl aoise an fhéich, taithí stairiúil, staid reatha an fhéichiúnaí agus dálaí reatha an mhargaidh.

5. Sochair Fostaí
Tá an fabhrú do shaoire a saothraíodh ach nár tógadh bunaithe ar mheastacháin ar an tsaoire iomlán lúide an tsaoire a tógadh.

6. Soláthairtí do phinsin
Déantar an soláthar do phinsin a ríomh bunaithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha a sholáthraíonn achtúire go bliantúil. Tá rátaí lascaine, arduithe tuarastail, arduithe pinsin agus méaduithe ar bhoilsciú san áireamh sna foshuíomhanna achtúireacha.

**3 Deontas Stáit**

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas athfhillteach** | | | | |
| Deontas ón Údarás um Ard-Oideachas do chuspóirí athfhillteacha | 20,913 | 20,913 | 19,800 | 19,800 |
| | 20,913 | 20,913 | 19,800 | 19,800 |
| **Deontas Caipitil** | | | | |
| Deontas ón Údarás um Ard-Oideachas do cheannach talún | - | - | 2,000 | 2,000 |
| | - | - | 2,000 | 2,000 |

| Deontóir | Iarchur Tosaigh 1 Deireadh Fómhair 2016 €'000 | Deontas Faighte €'000 | Iarchur Deiridh 30 Meán Fómhair 2017 €'000 | An méid a tógadh Chuig Ioncam €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ÚAO | (237) | 21,815 | (665) | 20,913 |
| | (237) | 21,815 | (665) | 20,913 |

**4 Táillí Mac Léinn**

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam Táillí Acadúla | 62,149 | 62,149 | 58,565 | 58,565 |
| Ioncam Táillí Ilchineálacha | 1,099 | 1,099 | 864 | 864 |
| Tobhach Mac Léinn | 1,327 | 1,327 | 991 | 991 |
| | 64,575 | 64,575 | 60,420 | 60,420 |

| Deontóir | Iarchur Tosaigh 1 Deireadh Fómhair 2016 €'000 | Deontas Faighte €'000 | Iarchur Deiridh 30 Meán Fómhair 2017 €'000 | An méid a tógadh Chuig Ioncam €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ÚAO | - | 24,832 | - | 24,832 |
| Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn | - | 11,634 | - | 11,634 |
| | - | 36,466 | - | 36,466 |

**5 Deontais agus Conarthaí Taighde**

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Stát agus Státurraithe | 8,873 | 8,873 | 8,179 | 8,179 |
| Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach. | 11,768 | 11,768 | 9,789 | 9,789 |
| An tAontas Eorpach | 2,162 | 2,162 | 2,289 | 2,289 |
| Tionscal agus tráchtáil | 263 | 263 | 583 | 583 |
| Eile | 504 | 504 | 214 | 214 |
| Forchostas Taighde | 1,711 | 1,711 | 2,094 | 2,094 |
| | 25,281 | 25,281 | 23,148 | 23,148 |

| Deontóir | Iarchur Tosaigh 1 Deireadh Fómhair 2016 €'000 | Deontas Faighte €'000 | Iarchur Deiridh 30 Meán Fómhair 2017 €'000 | An méid a tógadh Chuig Ioncam €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 1,813 | 5,766 | 3,703 | 3,876 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | 15 | 64 | 17 | 62 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (53) | 127 | (337) | 411 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhsha | (159) | 384 | (146) | 371 |
| An Roinn Sláinte | 385 | 1,066 | 864 | 587 |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | - | 26 | (52) | 78 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 16 | 7 | - | 23 |
| Fiontraíocht Éireann | 660 | 685 | (465) | 1,810 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 3,045 | 14,098 | 4,932 | 12,211 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn. | 967 | 2,611 | 1,223 | 2,355 |
| Rialtas Áitiúil | - | 175 | 66 | 109 |
| An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | - | 43 | 29 | 14 |
| Roinn an Taoisigh | - | 29 | - | 29 |
| | 6,689 | 25,081 | 9,834 | 21,936 |

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **6 Ioncam Eile** | | | | |
| Árais chónaithe agus lónadóireacht | 4,519 | 4,519 | 3,095 | 2,760 |
| Cíosanna agus lamháltais | 1,470 | 1,470 | 1,266 | 1,266 |
| Ioncam eile | 7,186 | 7,839 | 7,686 | 7,252 |
| | 13,175 | 13,828 | 12,047 | 11,278 |

| Deontóir | Iarchur Tosaigh 1 Deireadh Fómhair 2016 €'000 | Deontas Faighte €'000 | Iarchur Deiridh 30 Meán Fómhair 2017 €'000 | n méid a tógadh Chuig Ioncam €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ÚAO | 1,055 | 1,691 | 680 | 2,066 |
| Fiontraíocht Éireann | 160 | 728 | (5) | 893 |
| An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | - | 134 | - | 134 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | - | 44 | 8 | 36 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | - | 26 | - | 26 |
| | 1,215 | 2,623 | 683 | 3,155 |

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **7 Ioncam ó Infheistíocht** | | | | |
| Ioncam infheistíochta ó chistí srianta | 159 | 159 | 140 | 140 |
| Ús infhaighte | 120 | 120 | 70 | 70 |
| | 279 | 279 | 210 | 210 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **8 Tabhartais agus Dearlaicí** | | | | |
| Tabhartais a bhfuil srianta leo | - | - | 3,549 | 3,549 |
| Tabhartais nach bhfuil srianta leo | - | - | - | - |
| | - | - | 3549 | 3549 |

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoil | Comhdhlúite | Ollscoil |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **9 Costais Foirne** | | | | |
| Tuarastail | 61,814 | 61,438 | 59,714 | 59,641 |
| Costais Slándála Sóisialta | 5,425 | 5,396 | 4,949 | 4,949 |
| Pinsean Fostóra | 3,830 | 3,822 | 4,154 | 4,154 |
| Costas Seirbhíse Pinsin FRS102 | 17,980 | 17,980 | 12,782 | 12,782 |
| Iomlán | 89,049 | 88,636 | 81,599 | 81,526 |

B'ionann íocaíochtaí foircinn/scaoilíocaíochtaí (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) agus €0.386m (2016: €0.293m).
B'ionann íocaíochtaí foircinn/scaoilíocaíochta (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) a raibh luach comhiomlán de bhreis agus €10,000 orthu agus €0.257m (2016: €0.257m).
Maidir le scaoilíocaíochtaí, ní dhearnadh aon chomhaontuithe i ndáil le blianta breise sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe sin.

Luach saothair foirne eile atá ar thuarastal ard, gan ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe san áireamh

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | Uimhir | Uimhir |
| €60,000 go €70,000 | 82 | 78 |
| €70,001 go €80,000 | 126 | 137 |
| €80,001 go €90,000 | 91 | 76 |
| €90,001 go €100,000 | 30 | 22 |
| €100,001 go €110,000 | 25 | 24 |
| €110,001 go €120,000 | 12 | 8 |
| €120,001 go €130,000 | 4 | 17 |
| €130,001 go €140,000 | 29 | 17 |
| €140,001 go €150,000 | 1 | 1 |
| €160,001 go €170,000 | - | - |
| €170,001 go €180,000 | 1 | 1 |
| | 401 | 381 |

| An meánlíon foirne de réir mórchatagóire: | Uimhir | Uimhir |
|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 612 | 598 |
| Teicniúil | 42 | 37 |
| Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha | 352 | 266 |
| Eile | 67 | 131 |
| | 1,073 | 1,032 |

**Príomhphearsanra Bainistíochta**

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás acu gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a threorú agus a rialú.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta | | |
| Tuarastail | 1,615 | 1,454 |
| Sochair iarfhostaíochta | 101 | 132 |
| Sochair foircinn | - | - |
| | 1,716 | 1,586 |

| | Nótaí | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **10 Us agus Costais Airgeadais Eile** | | | | | |
| Ús agus táillí eile bainc | | 253 | 253 | 162 | 158 |
| Ús agus táillí ar iasachtaí BEI | 21 | 1,272 | 1,272 | 615 | 615 |
| Muirear airgeadais pinsin | 22 | 6,564 | 6,564 | 8,346 | 8,346 |
| | | 8,089 | 8,089 | 9,123 | 9,119 |

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | :016 (mar atá athshonraithe Comhdhlúite €'000 | :016 (mar atá athshonraithe Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **11 Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta** | | | | |
| Taisteal agus cothabháil - Náisiúnta | 1404 | 1404 | 1127 | 1127 |
| Taisteal agus cothabháil - Idirnáisiúnta | 1035 | 1011 | 1094 | 1081 |
| Fáilteachas agus féilteachas | 134 | 110 | 79 | 79 |
| Earraí Inchaite | 4059 | 4057 | 4715 | 4692 |
| Glantachán | 1465 | 1465 | 1008 | 986 |
| Costais Fógraíochta agus PR | 901 | 895 | 751 | 741 |
| Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta | 3702 | 3702 | 2467 | 2439 |
| Fóntais | 2093 | 2093 | 2261 | 2231 |
| Ríomh-irisleabhair na leabharlainne taighde | 11887 | 11887 | 9789 | 9789 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 1358 | 1354 | 1390 | 1374 |
| Táillí iniúchta, gairmiúla agus comhairliúcháin ** | 3106 | 2700 | 2982 | 2550 |
| Costais dlí* | 347 | 337 | 342 | 342 |
| Cíos, rátaí & árachas | 2220 | 2219 | 2275 | 2269 |
| Caipitíocht | 1833 | 1833 | 1716 | 1716 |
| Scoláireachtaí | 6121 | 6121 | 5382 | 5382 |
| Costas Earcaíochta | 241 | 210 | 222 | 206 |
| Costais a bhaineann le fostaithe | 490 | 469 | 470 | 429 |
| Trealamh | 2509 | 2497 | 2653 | 2637 |
| Costais agus táillí eile | 2433 | 2420 | 2122 | 2071 |
| | 47,338 | 46,784 | 42,845 | 42,141 |

* Níl aon ghné de chúiteamh a íocadh nó atá iníoctha san áireamh sna costais dlí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| *San áireamh i gcostais oibriúcháin eile tá táillí i ndáil le:* | | |
| Iniúchóirí cúnta | 39 | 40 |
| Iniúchadh seachtrach (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) | 76 | 62 |
| Iniúchadh inmheánach-Mazars | 22 | 110 |
| *****Costais chomhairleoireachta de réir catagóire*** | | |
| Ailtirí/Suirbhéirí | 247 | 308 |
| Dearadh TF agus Comhairleoireacht | 586 | 403 |
| Seirbhísí Gairmiúla Míochaine | 223 | 178 |
| Acmhainní Daonna agus Pinsin | 198 | 130 |
| Aistriúchán/Tras-scríobh | 116 | 115 |
| Caidreamh Poiblí agus Margaíocht | 406 | 330 |
| Airgeadas | 258 | 61 |
| Eile | 935 | 1,245 |
| ***Iomlán na dtáillí iniúchta, gairmiúla agus comhairliúcháin*** | 3,106 | 2,982 |

**12 Cánachas**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Aitheanta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach** | | |
| **Cáin reatha** | | |
| Costas cánach reatha | - | - |
| **Costas cánach reatha** | - | - |
| | | |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Costas cánach iarchurtha | - | - |
| **Costas iomlán cánach** | - | - |

## 13 Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh

| Comhdhlúite | Talamh agus Foirgnimh Ruílse | Daingneáin, Feistis agus Trealamh | Sócmhainní atá á dTógáil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | |
| Ar an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 234,737 | 18,595 | 34,526 | 287,858 |
| Breiseanna | 29 | 601 | 6,848 | 7,478 |
| Gluaiseachtaí | 35,513 | 5,174 | (40,687) | - |
| Diúscairtí | - | (589) | - | (589) |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | **270,279** | **23,781** | **687** | **294,747** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ar an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 47,615 | 14,461 | - | 62,076 |
| Muirear don bhliain | 5,069 | 2,226 | - | 7,295 |
| Diúscairtí | - | (589) | - | (589) |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | **52,684** | **16,098** | - | **68,782** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | **217,595** | **7,683** | **687** | **225,965** |
| Ar an 30 Meán Fómhair 2016 | 187,122 | 4,134 | 34,526 | 225,782 |

| Ollscoil | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Costas agus luacháil** | *mar a athshonraíodh | | | |
| Ar an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 231,996 | 18,208 | 34,526 | 284,730 |
| Breiseanna | 2,771 | 601 | 6,848 | 10,220 |
| Gluaiseachtaí | 35,513 | 5,174 | (40,687) | - |
| Diúscairtí | - | (589) | - | (589) |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | **270,280** | **23,394** | **687** | **294,361** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ar an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 47,616 | 14,075 | - | 61,691 |
| Muirear don bhliain | 5,069 | 2,226 | - | 7,295 |
| Diúscairtí | - | (589) | - | (589) |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | **52,685** | **15,712** | - | **68,397** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | **217,595** | **7,682** | **687** | **225,964** |
| Ar an 30 Meán Fómhair 2016 | 184,380 | 4,133 | 34,526 | 223,039 |

Ar an 30 Meán Fómhair 2017, chuimsigh talamh agus foirgnimh ruílse €31.789m (2016: €31.789m) maidir le talamh ruílse nach bhfuil dímheasta.

## 13 Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh - ar lean

Le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2001, chríochnaigh an ollscoil tógáil na n-áras cónaithe do mhic léinn "RyeHall Apartments". Bhí na hárasáin maoinithe i bpáirt ag grúpa infheisteoirí a bhain tairbhe as faoiseamh cánach Alt 50 ar chaiteachas inghlactha faoi Chuid 11a den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Aistríodh na hárasáin ó fhochuideachta chuig an Ollscoil ar an 30 Meán Fómhair 2017.

## 14 Sócmhainní Oidhreachta

Tá sócmhainní oidhreachta na hOllscoile comhdhéanta de 'Shaothair Ealaíne' €13,000 san iomlán agus cartlann leabharlainne ar luach €170,000. Déantar iad sin a choinneáil ar a gcostas bunaidh agus ní dhéantar iad a dhímheas.

Tá roinnt bailiúchán speisialta agus cartlanna lena mbaineann spéis náisiúnta, stairiúil, chultúir agus liteartha i seilbh na leabharlainne, lena n-áirítear eagráin theoranta agus eagráin a bhfuil léaráidí iontu, cóipeanna sínithe agus lámhscríbhinní a choimeádtar go dtí na caighdeáin is airde is féidir agus tá siad ar fáil i gcomhair comhairliúcháin ach coinne a dhéanamh. Ní féidir luachálacha i gcomhair bailiúchán a fuarthas mar thabhartais a fháil le réasún agus mar sin ní aithnítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Is iad seo a leanas na héadálacha don bhliain reatha agus do na ceithre bliana roimhe sin:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| ar an 1 Deireadh Fómhair | 183 | 183 | 183 | 13 | 13 |
| Breiseanna | - | - | - | 170 | - |
| ar an 30 Meán Fómhair | 183 | 183 | 183 | 183 | 13 |

## 15 Deontais Chaipitil Iarchurtha

| | Comhdhlúite | Ollscoil |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 - (mar atá athshonraithe*) | | |
| Foirgnimh | 75,530 | 75,530 |
| Trealamh | 984 | 984 |
| Iomlán | 76,514 | 76,514 |
| | | |
| Airgead Faighte/Infhaighte | | |
| Foirgnimh | 241 | 241 |
| Trealamh | 499 | 499 |
| Iomlán | 740 | 740 |
| | | |
| Scaoilte chuig SOCI | | |
| Foirgnimh | 2,136 | 2,136 |
| Trealamh | 403 | 403 |
| Iomlán | 2,539 | 2,539 |
| | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2017 | | |
| Foirgnimh | 73,635 | 73,635 |
| Trealamh | 1,080 | 1,080 |
| Iomlán | 74,715 | 74,715 |

**Deontais Chaipitil Chomhdhlúite agus Ollscoil an Bhliain Roimhe sin.**

| | Comhdhlúite | Ollscoil |
|---|---|---|
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 85,569 | 85,569 |
| Athaicmithe chuig cúlchistí - Féach Nóta 29 | ( 7,607) | ( 7,607) |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 - (mar atá athshonraithe*)** | 77,962 | 77,962 |
| | | |
| Foirgnimh | 76,466 | 76,466 |
| Trealamh | 1,496 | 1,496 |
| Iomlán | 77,962 | 77,962 |
| | | |
| Airgead Faighte/Infhaighte | | |
| Foirgnimh | 1,181 | 1,181 |
| Trealamh | 11 | 11 |
| Iomlán | 1,192 | 1,192 |
| | | |
| Scaoilte chuig SOCI | | |
| Foirgnimh | 2,117 | 2,117 |
| Trealamh | 523 | 523 |
| Iomlán | 2,640 | 2,640 |
| | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | | |
| Foirgnimh | 75,530 | 75,530 |
| Trealamh | 984 | 984 |
| Iomlán | 76,514 | 76,514 |

| **Deontóir** | Féichiúnaí Tosaigh 1 Deireadh Fómhair 2016 | Deontas Bronnta | Deontas Faighte | Féichiúnaí Deiridh 30 Meán Fómhair 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| ÚAO | 2,673 | - | 1,394 | 1,279 |
| Fiontraíocht Éireann | - | 740 | 499 | 241 |
| | 2,673 | 740 | 1,893 | 1,520 |

**16 Réadmhaoin Infheistíochta**

Fuair Ollscoil Mhá Nuad punann d'aonaid tráchtála i Má Nuad i mí na Nollag 2015 ar chostas €2.050m. I gcomhréir le FRS102, déantar an réadmhaoin a thomhas ag luach cóir ag gach dáta tuairiscithe agus déantar athruithe sa luach cóir a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Rinne Lavelle, Chartered Survryors Limited luacháil ar an réadmhaoin ar luacháil €2.050m ar an 30 Meán Fómhair 2017 (2016:€2.050m).

Ní raibh aon bhreiseanna, diúscairtí nó laigí eile i gceist maidir leis an bpunann réadmhaoine. B'ionann agus €0.159m (2016: €0.140m)an t-ioncam cíosa a saothraíodh don bhliain.

**17 Infheistíocht i gComhfhiontar**

Tá sciar 50% de Chóiríocht Chomhdhála Champas Mhá Nuad ag an Ollscoil. Is socrú áiseanna campais é seo idir Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste Phádraig, Má Nuad, chun úsáid a bhaint as acmhainní an dá institiúid le háiseanna comhdhála agus lóistín a sholáthar. Caitear leis an socrú mar chomhshocrú agus tugtar cuntas air ag úsáid mhodh an chothromais, ionas go ndéantar 50% de shócmhainní agus de dhliteanais chomhlána na cuideachta a chorprú sa ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais na hOllscoile agus déantar 50% den ghlanioncam a thuairisciú i ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach na hOllscoile.

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sciar de na glansócmhainní ag a luach cóir** | | |
| Ag tús na bliana: | 250 | 500 |
| Íocaíochtaí a fuarthas le linn na bliana | (500) | (615) |
| Sciar de bharrachas an chomhfhiontair sa bhliain | 500 | 365 |
| Iarmhéid deiridh | 250 | 250 |

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **18 Infheistíochtaí** | | | | |
| Infheistíochtaí i ngnóthais Fochuideachtaí | - | - | - | - |
| Infheistíochtaí Eile | 1 | 1 | 1 | 1 |
| | 1 | 1 | 1 | 1 |

## 18 Infheistíochtaí - ar lean

Bhí leas ag an Ollscoil sna gnóthais fochuideachtaí seo a leanas atá comhdhlúite go hiomlán.

| Gnóthas Fochuideachtaí | Príomhghníomhaíocht | Leas |
|---|---|---|
| Forbairt Fiontraíochta Ollscoil Mhá Nuad Teoranta | Forchoimeádann maoin intleachtúil a bhaineann le paitinní comhdaithe | 100% |
| Forbairt OÉM Teoranta | Tógáil Lóistín Mac Léinn ag Ollscoil Mhá Nuad | 100% |
| Áiseanna OÉM a hAon Teoranta | Soláthar áiseanna airgeadais a bhaineann le Lóistín Mac Léinn | 100% |
| Áiseanna OÉM a Dó Teoranta | Soláthar seirbhísí cothabhála agus bailithe cíosa le haghaidh lóistín mac léinn | 100% |
| Airgeadas OÉM Teoranta | Soláthar airgeadais le haghaidh cóiríocht chónaithe do mhic léinn | 100% |
| OÉM Idirnáisiúnta Teoranta | Leas agus cáil na hollscoile lasmuigh d'Éirinn a leathnú agus a chur chun cinn | 100% |
| Innovation Value Services Limited | An gnó ar fad nó aon chuid den ghnó a bhaineann le maoin intleachtúil a fhorbairt agus a thráchtálú agus seirbhísí comhairleoireachta, measúnaithe, oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. | 100% |
| Fondúireacht Ollscoil Mhá Nuad Teoranta | Chun tabhartais a lorg chun scoláireachtaí a mhaoiniú agus ar mhaithe le cuspóirí sonracha eile | 100% |

Is in Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara atá oifig chláraithe na gcuideachtaí thuasluaite ar fad.

Bhí leas ag an ollscoil sna gnóthais chomhlacha agus sna hinfheistíochtaí seo a leanas atá aitheanta ar a gcostas.

| Gnóthas comhlach | Príomhghníomhaíocht | Oifig Chláraithe | Leas |
|---|---|---|---|
| Igeotech Technologies Ltd | Taighde | Bloc 8, Páirc Ghnó na Carraige Duibhe<br>Ascaill Dhún Charúin, An Charraig Dhubh,<br>Co. Bhaile Átha Cliath. | 20% |
| Neuromod Devices Ltd | Taighde | F/Ch Derek Madden & Company, Faiche na mBollaí, Mala, Co. Chorcaí | 6% |
| Relational Frame Training Ltd | Taighde | Suaimhnes, Blackwood, Baile Riobaird, An Nás, Co. Chill Dara. | 15.42% |
| ISAAT Technologies Ltd | Taighde | 100 Páirc Léim an Bhradáin, Léim an Bhradáin,<br>Co. Chill Dara. | 4.80% |
| Avectas Ltd ( Profector Life Sciences Ltd roimhe seo) | Taighde | 34 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2 | 3.63% |
| Rosadex Limited | Taighde | 13 Coill Radharc na Mara, Seanchill, Baile Átha Cliath 18 | 15% |
| YAMSU Limited | Taighde | Maynooth Works, Foirgneamh Eolas, Maigh Nuad, Contae Chill Dara | 15% |

Díscaoileadh Beemune Limited ar an 17 Eanáir 2018.

## 19 Infháltais Trádála agus Eile

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhdhlúite** | **Ollscoil** | **Comhdhlúite** | **Ollscoil** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| *Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:* | | | | |
| Infháltais Deontas Stáit | 2,983 | 2,983 | 2,146 | 2,146 |
| Cuntais Infhaighte | 2,722 | 2,402 | 2,631 | 2,565 |
| Infháltais Eile | 3,265 | 3,217 | 5,233 | 5,176 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 5,660 | 5,630 | 3,405 | 3,369 |
| Iasachtaí Tithíochta Foirne | 32 | 32 | 75 | 75 |
| Deontas Caipitil Stáit Infhaighte | 1,520 | 1,520 | 2,673 | 2,673 |
| Deontas Stáit Infhaighte | - | - | 237 | 237 |
| Táillí Acadúla Infhaighte | 626 | 626 | 463 | 463 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachtaí | - | 465 | - | 1,806 |
| | 16,808 | 16,875 | 16,863 | 18,510 |

San áireamh in infháltais Eile tá suim de €1.0m (2016:€3.549) mar thabhartas atá dlite ó Chuallacht na Siúracha Doiminiceacha. San áireamh i Réamhíocaíochtaí tá suim de €0.289m (2016: €0.347m) dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

## 20 Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhdhlúite** | **Ollscoil** | **Comhdhlúite** | **Ollscoil** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Taighde Neamhchaite Roimh Ré | 13,739 | 13,739 | 10,603 | 10,603 |
| Táillí Acadúla Réamhfhaighte | 14,446 | 14,446 | 12,034 | 12,034 |
| Glan-Dliteanas Pinsin | 4,364 | 4,364 | 5,572 | 5,572 |
| Creidiúnaithe Trádála | 3,491 | 3,461 | 4,041 | 3,971 |
| Deontas Stáit roimh ré | 665 | 665 | - | - |
| Creidiúnaithe Eile | 534 | 410 | 382 | 382 |
| Slándáil shóisialach agus cánachas eile iníoctha | 2,137 | 2,122 | 2,501 | 2,501 |
| Fabhruithe | 3,961 | 3,839 | 5,508 | 5,377 |
| Ioncam Iarchurtha | 5,721 | 5,562 | 5,849 | 5,581 |
| Iasachtaí neamhurraithe atá dlite laistigh de bhliain amháin | 625 | 625 | - | - |
| Méideanna Dlite do Ghnóthais Fochuideachtaí | - | 15 | - | 332 |
| | 49,683 | 49,248 | 46,490 | 46,353 |

## 21 Creidiúnaithe: méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhdhlúite** | **Ollscoil** | **Comhdhlúite** | **Ollscoil** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Iasachtaí urraithe | - | - | - | - |
| Iasachtaí neamhurraithe | 76,140 | 76,140 | 50,000 | 50,000 |
| | | | | - |
| | 76,140 | 76,140 | 50,000 | 50,000 |
| Anailís ar iasachtaí neamhurraithe: | | | | |
| **Dlite laistigh de bhliain amháin nó ar éileamh** | 625 | 625 | - | - |
| Dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain | 1,897 | 1,897 | - | - |
| Dlite idir dhá bhliain agus cúig bliana | 11,515 | 11,515 | 10,175 | 10,175 |
| Dlite i gceann cúig bliana nó níos mó | 62,728 | 62,728 | 39,825 | 39,825 |
| **Dlite tar éis níos mó ná bliain amháin** | 76,140 | 76,140 | 50,000 | 50,000 |
| **Iasachtaí iomlána neamhurraithe** | **76,140** | **76,140** | 50,000 | 50,000 |

## 22 Sochair Scoir

Le linn na bliana d'oibrigh an ollscoil trí scéim pinsin sochair sainithe.

***Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009 – ar a dtugtaí Plean Pinsin Ollscoil na hÉireann, Má Nuad roimhe seo – "Scéim Dhúnta"***

Is ionann an phríomhscéim agus "Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009 "Scéim Dhúnta". Tá feidhm leis an scéim Dhúnta d'fhostaithe inphinsin a ceapadh roimh an 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua. Suas go dtí an 31 Nollaig 2009 mhaoinigh an ollscoil an Scéim Dhúnta a d'oibrigh faoi Ghníomhas Iontaobhais, agus coimeádadh a cuid sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní na hollscoile. Foráladh san *Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009* go ndéanfaidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh chun cinn a chúiteamh mura mbeidh comhiomlán na ranníocaíochtaí ó na baill agus ó na fostóirí chuig an ollscoil nó i seilbh na hollscoile dóthanach chun íoc as dualgais na hollscoile, na sochair sin a íoc de réir na scéime. Ar an 31 Nollaig 2009, de réir I.R. Uimh. 528/2009 "Ordú Aistrithe 2009 an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009" (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)" aistríodh sócmhainní na scéimeanna Pinsin Dúnta chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean agus foirceannadh an tIontaobhas reatha. Ní raibh aon tionchar ar na sochair a bhí iníoctha le baill, bhíodar anois ina mbaill de scéim neamh-mhaoinithe reachtúil a athainmníodh mar "Scéim Ollscoil na hÉireann (Dúnta) 2009". B'ionann dliteanas pinsin na scéime sin sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus €358.2m (2016: €370.8m).

***Scéim Aoisliúntas Fhostaithe Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad 2007 - "Scéim Eiseamláireach"***

Tá feidhm leis an Scéim Eiseamláireach do gach fostaí nua a ceapadh chuig poist a fógraíodh ar dtús idir an 29 Samhain 2004 agus a ceapadh nó a fuair tairiscint fostaíochta ar dháta nach déanaí ná an 31 Nollaig 2012. Seo scéim íoc mar a úsáidtear a mhaoinítear le hairgead a sholáthraíonn an Stát don ollscoil chuige sin. Bunaithe ar an eolas go n-íocfaidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh ann chun freastal ar dhualgais na hollscoile íoc as sochair phinsin na Scéime Dúnta agus go maoineofar dliteanais phinsin na Scéime Eiseamláirí sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an Stát don ollscoil chuige sin, tá dliteanas pinsin na Scéime Eiseamláirí frithháirithe trí shócmhainn a aithint atá comhionann le dliteanais phinsin na hollscoile. B'ionann an dliteanas pinsin sa scéim sin ag deireadh na bliana agus €83.1m (2016: €82.2m).

***Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair***

Tá feidhm leis an Scéim Aonair maidir le gach fostaí nua a théann isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaí nua tar éis an 1 Eanáir 2013. Tugtar *Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair* ar an scéim agus is scéim pinsin bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime atá inti. Is scéim sochair shainithe atá inti agus mar sin tá sí san áireamh i nochtadh FRS 102. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin ó fhostaithe don scéim Aonair ar bhonn míosúil chuig cuntas pinsin stáit. Coimeádtar ranníocaíochtaí pinsin na bhfostóirí mar chuid de chreidiúnaithe sula n-íoctar leis an stát iad. Ní gá na figiúirí a chur san áireamh sa chuntas rialaithe pinsin. Bunaithe ar an eolas go n-íocfaidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh ann chun freastal ar dhualgais na hollscoile íoc as sochair phinsin na Scéime Dúnta agus go maoineofar dliteanais phinsin na Scéime Aonair sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an Stát don ollscoil chuige sin, tá dliteanas pinsin na Scéime Aonair frithháirithe trí shócmhainn a aithint atá comhionann le dliteanais phinsin na hollscoile. B'ionann dliteanas pinsin na scéime ag deireadh na bliana agus €4.17m (2016: €2.38m).

**Achoimre ar an staid ag deireadh na bliana**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Comhdhlúite agus Ollscoil** | | |
| Glan-Dliteanas Pinsin | (445,554) | (455,444) |
| Pinsean infhaighte | 445,554 | 455,444 |
| | - | - |

## 22 Sochair Scoir - (ar lean)

### Anailís ar an méid a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Costas reatha seirbhíse | (21,802) | (16,936) |
| Muirear iomlán ar chostais oibriúcháin | (21,802) | (16,936) |
| | | |
| **Muirir airgeadais eile** | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | (6,564) | (8,346) |
| Glanmhuirear airgeadais | (6,564) | (8,346) |
| | | |
| **Cistiú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain** | | |
| Cistiú in-aisghabhála maidir le costais phinsin sa bhliain reatha | 28,366 | 25,282 |
| Ranníocaíochtaí de chuid an fhostóra iníoctha leis an Stát | (3,822) | (4,154) |
| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain | 24,544 | 21,128 |

### Anailís ar an méid a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Taithí /(caillteanas)/gnóthachan | ( 11,481) | 8,042 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna achtúireacha | 42,692 | (87,560) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 31,211 | (79,518) |

### Anailís ar ghluaiseacht i ndualgas sochair shainithe sa bhliain

| | | |
|---|---|---|
| Luach reatha an dualgais sochair shainithe ag tús na bliana | (455,444) | (357,750) |
| Costas reatha seirbhíse | (21,802) | (16,936) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | - | - |
| Costas Úis | (6,564) | (8,346) |
| Sochair Íoctha | 7,045 | 7,106 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 31,211 | (79,518) |
| Luach reatha an dualgais sochair shainithe ag deireadh na bliana | (445,554) | (455,444) |

**22 Sochair Scoir - (ar lean)**

Glactar go hiomlán le riachtanais FRS 102 agus léirítear na gluaiseachtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais.

Tá an luacháil dliteanas a úsáidtear do Nochtadh FRS102 bunaithe ar an luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil ag deireadh na bliana. Seo a leanas na foshuíomhanna airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scoir a ríomh i ndáil leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe faoi FRS102 ag an 30 Meán Fómhair 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2016 agus an 30 Meán Fómhair 2015:

| | **2017** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar Thuarastail | 2.05% | 1.80% | 1.75% |
| Ráta méadaithe ar Phinsin in íocaíocht | 2.05% | 1.80% | 1.75% |
| Ráta Lascaine do Dhliteanais Scéime | 2.10% | 1.45% | 2.35% |
| Foshuíomh Boilscithe | 1.80% | 1.55% | 1.50% |

Ceadaíonn an ráta básmhaireachta atá glactha d'fheabhsúcháin ar ionchais saoil thar am chun go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina mbaineann an comhalta amach aois scoir (aois 65). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na gcomhaltaí a bhaineann aois 65 amach.

| | **2017** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | **Blianta** | **Blianta** | **Blianta** |
| Fear | 88.1-92.2 | 87.3-91.1 | 87.0-90.7 |
| Mná | 89.4-93.1 | 89.1-93.2 | 88.8-92.8 |

| **Seo a leanas stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí:** | **2017** | **2016** | **2015** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| *An difríocht idir an toradh ionchasach agus iarbhír ar shócmhainní na scéime* | | | | | |
| Méid | - | - | - | - | - |
| Céatadán de shócmhainní na scéime | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |
| *Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime* | | | | | |
| Méid | (11,481) | 8,042 | 4,161 | 8,710 | 12,229 |
| Céatadán de dhliteanais na scéime | -2.58% | 1.77% | 1.16% | 2.68% | 4.63% |
| *Athrú ar Fhoshuíomhanna Achtúireacha* | | | | | |
| Méid | 42,692 | (87,560) | (18,942) | (50,209) | 15,311 |
| Céatadán de dhliteanais na scéime | 9.58% | -19.23% | -5.29% | -15.49% | 5.79% |

### 22 Sochair Scoir - (ar lean)

| Anailís ar Shócmhainn Chistithe Pinsin Iarchurtha | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 455,444 | 357,750 |
| Gluaiseacht san áireamh i gcostais Foirne | 21,802 | 16,936 |
| Gluaiseacht san áireamh i gcostais Airgeadais | 6,564 | 8,346 |
| Gluaiseacht san áireamh in SOCI | (31,211) | 79,518 |
| Sochair Iníoctha leis an Stát | (7,045) | (7,106) |
| Ag deireadh na bliana | 445,554 | 455,444 |

### 23 Páirtithe Gaolmhara

Rinneadh idirbhearta le fochuideachtaí na hollscoile a dhíothú ar chomhdhlúthú agus ní thugtar nochtadh ar aon cheann de na hidirbhearta seo dá bhrí sin. Tá na hidirbhearta páirtithe gaolmhara seo a leanas ag an ollscoil:

Comhdháil agus Cóiríocht Champas Mhá Nuad: Is socrú áiseanna campais atá i gComhdháil agus Cóiríocht Champas Mhá Nuad idir Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste Phádraig, Má Nuad, chun úsáid a bhaint as acmhainní an dá institiúid le háiseanna lóistín agus comhdhála a sholáthar. Bhí iarmhéid de €250,000 dlite don ollscoil ag an 30 Meán Fómhair 2017 (2016: €250,000).

Is comhoibriú é 3U idir trí Institiúid Ardoideachais i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is iad RCSI agus DCU an dá institiúid eile. Chun feidhm a thabhairt don chomhaontú sin, bunaíodh cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, 3U Collaboration Limited, i mí an Mhárta 2013. Coimeádann Ollscoil Mhá Nuad aon tríú de na gnáthscaireanna sa chuideachta agus coimeádann an dá institiúid eile aon tríú de na gnáthscaireanna freisin. Díoladh trádáil agus sócmhainní 3U Collaboration Limited le linn na bliana. Ar an 30 Meán Fómhair 2017 b'ionann agus €34,956 (2016:€220,000) iasacht iomlán inréadaithe na scairshealbhóirí ó 3U Collaboration Limited ag an 30 Meán Fómhair 2017 agus tá sé sin san áireamh i bhFéichiúnaithe Eile.

## 24 Cúlchistí Srianta

Is mar seo a leanas atá na cúlchistí le srianta:

| | Deontais chaipitil nár caitheadh | Tabhartais | 2017 Iomlán | 2016 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéideanna ar an 1 Deireadh Fómhair 2016** | - | 4,884 | 4,884 | 3,233 |
| Deontais nua | - | | - | - |
| Tabhartais nua | - | - | - | 3,549 |
| Ioncam ó infheistíocht | - | 159 | 159 | 140 |
| Deontais chaipitil úsáidte | - | (3,549) | (3,549) | (2,038) |
| Caiteachas | - | - | - | - |
| (Laghdú) / méadú ar luach margaidh infheistíochtaí | - | - | - | - |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach srianta don bhliain** | - | (3,390) | (3,390) | 1,651 |
| **Ar an 30 Meán Fómhair 2017** | - | 1,494 | 1,494 | 4,884 |

## 25 Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | I Deireadh Fómhair 2016 | eabhadh airgid | án Fómhair 2017 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Comhdhlúite | | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 41,486 | 27,441 | 68,927 |
| | **41,486** | **27,441** | **68,927** |

## 26 Caipiteal agus Gealltanais Eile

Ní raibh aon soláthar déanta do na gealltanais chaipitil seo a leanas ar an 30 Meán Fómhair 2017:

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoil | Comhdhlúite | Ollscoil |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Gealltanais a bhfuil conradh ann ina leith | 521 | 521 | 3,932 | 3,932 |
| | 521 | 521 | 3,932 | 3,932 |

Cuimsíonn gealltanais chonraithe suim de €0.5m a bhaineann le saoráid stórála chun cóiríocht a chur ar fáil do chartlann meán digiteach i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann.

**27 Dliteanais Theagmhasacha**

| | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 | 2016 Comhdhlúite €'000 | 2016 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ráthaíochtaí | - | - | - | - |
| | - | - | - | - |

Tá gealltanais i scríbhinn tugtha ag an Ollscoil maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhochuideactaí ag dhá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Níl dliteanais theagmhasacha ábhartha ag an Ollscoil, a bhfuiltear feasach orthu, ar an 30 Meán Fómhair 2017 nó ar an 30 Meán Fómhair 2016.

**28 Oibleagáidí Léasanna Oibriúcháin**

Iomlán na gcíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin:

| | 2017 | | | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Talamh agus Foirgnimh | Fearas agus Innealra | Léasanna eile | Iomlán | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iníoctha le linn na bliana** | 1,406 | - | - | **1,406** | 1,396 |
| **Íocaíochtaí léasa íosta dlite sa todhchaí:** | | | | | |
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 1,402 | - | - | **1,402** | 1,392 |
| Níos déanaí ná bliain amháin agus tráth nach déanaí na : | 1,877 | - | - | **1,877** | 3,061 |
| Níos déanaí ná cúig bliana | 6,722 | - | - | **6,722** | 6,899 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí léasa dlite** | **10,001** | - | - | **10,001** | **11,352** |

Baineann ceangaltais léasanna oibriúcháin, den chuid is mó, le léas maoine 21 bliain agus léas maoine 62 bliain a thosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 1998.

**29 Ceartú ar Mhéideanna na Bliana Roimhe Sin**

Sa bhliain roimhe sin, rinneadh €1.873m a ghanniontráil i dtaca le coigeartú trasdula FRS102 & 2015 HE SORP chun deontais chaipitil nach deontais chaipitil de chuid an stáit iad a aithint i gcúlchistí, nuar a sásaíodh oibleagáidí feidhmíochta. Ceartaíodh an mhaolfhaisnéis trí mhéadú de €1.873m a chur ar na Cúchistí Ioncaim agus Caiteachais Tosaigh agus ar an Deontas Caipitil Stáit Tosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 2015.

Sa bhliain roimhe sin, tugadh cuntas ar na deontais chaipitil stáit i gcomhair Talún i gcomhréir leis an múnla fabhruithe seachas leis an múnla feidhmíochta. Ceartaíodh é sin trí mhéadú de €5.734m a chur ar na Cúchistí Ioncaim agus Caiteachais Tosaigh agus ar an Deontas Caipitil Stáit Tosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 2015. Chomh maith leis sin, tháinig méadú de €2m in 15/16 ar Ioncam Deontais Caipitil Stáit sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach, agus tháinig méadú de €2m ar na Cúlchistí Tosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 16.

Le linn na bliana, aistríodh Ryehall Apartments ó fhochuideachta chuig eintiteas na hOllscoile. Mar thoradh ar an aistriú, níor tharla an coigeartú ach amháin san eintiteas sealbhaíochta, chun substaint an idirbhirt a léiriú, a aithníodh roimhe sin trí fhoirm dlí. Chuir an coigeartú sin méadú de €1.041m ar Chostas na Sócmhainní Seasta, chuir sé méadú de €1.135m ar dhímheas carntha agus rinne sé laghdú de €0.94m ar Chúlchistí Ioncaim agus Caiteachais Tosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 2015. Chomh maith leis sin, tháinig méadú de €0.76m in 15/16 ar an muirear Dímheasa sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach, agus tháinig méadú de €0.76m ar na Cúlchistí Tosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 16. Ní raibh aon tionchar aige ar na Cúlchistí Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais.

**30 Athaicmiú na Méideanna Comparáideacha**

Go stairiúil, tuairiscíodh íocaíochtaí stipinní scoláireachta i bpá agus tuairiscíodh íocaíochtaí táillí scoláireachta i gcostais ilghnéitheacha. Sa bhliain reatha, déantar gach íocaíocht den sórt sin a thuairisciú i gcostais oibriúcháin eile faoi chatagóir na Scoláireachtaí. Rinneadh athaicmiú ar mhéideanna comparáideacha i gcomhréir le haicmiú na bliana reatha. Níl aon tionchar ag an athaicmiú sin ar an nglanbharrachas sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe sin.

**31 Imeachtaí i nDiaidh na Tréimhse Tuairiscithe**

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana a mbainfeadh impleachtaí leo maidir leis na ráitis airgeadais seo.

Elements of Capital, Recurrent and Research expenditure reported in these Financial Statements have been funded under one or more programmes operated by the following funding bodies and agencies:

Ireland's EU Structural and Investment Funds Programmes 2014 - 2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Regional Development Fund

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation

pobal
government supporting communities

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

HEA
Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

European Investment Bank

NDP
National Development Plan

erc
European Research Council
Established by the European Commission

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Enterprise Ireland
where innovation means business

European Commission

Science Foundation Ireland
sfi
For what's next